




Our playground rules



1. Care and share.



2. Stand quietly in the line.

Neamhord ar Speictream an Uathachais



Department of
Education

www.deni.gov.uk

AN ROINN

Oideachais

MÁNNYSTRIE O

Lear

Intreoir

Éiríonn le scoileanna príomhshrutha oideachas a thabhairt do chuid mhór páistí agus daoine óga a bhfuil Neamhord ar Speictream an Uathachais (NSU) orthu. Soláthraítear sa chaibidil seo samplaí de na dóigheanna is fearr leis an timpeallacht seomra ranga agus na cláir oideachais a oiriúnú le freastal ar bhuananna agus ar riachtanais páistí agus daoine óga i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Tugtar oideachas do chuid acu i ranganna príomhshrutha agus do chuid eile in ionaid speisialta mar a nglacann siad páirt i gcláir chomhtháite de réir mar is cuí. Cleachtóirí speisialtacha a scríobh an chaibidil seo agus díreann ar pháistí agus daoine óga a bhfuil leibhéal ard teicnící speisialtacha idirghabhála de dhíth orthu. Is féidir na straitéisí a mholtar a oiriúnú le freastal ar riachtanais páiste nó duine óg ar bith ar a bhfuil NSU. Tá comhairle inti ar mhúnlaí cuimsithe shóisialta agus ar straitéisí idirghabhála ar éirigh leo nuair a cuireadh i bhfeidhm iad i scoileanna ar fud Thuaisceart na hÉireann. Soláthraítear eolas ar na hacmhainní agus ar na hábhair treorach a chuireann an Roinn Oideachais agus an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil ar theagasc páistí agus daoine óga ar a bhfuil NSU. Sonraítear eolas ar acmhainní agus trealamh a tháirgtear ar bhonn geilleagair. Tugtar treoir dóibh sin ar mian leo cur lena n-eolas ar NSU trí shainoiliúint a chuireann Foirne Comhairleacha na mBord Oideachais agus Leabharlann ar fáil agus trí ardoiliúint agus cláir idirghabhála a chuireann Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin ar fáil. Tugtar mionsonraí fosta ar chúrsa Chéim an Mháistir ar NSU a chuireann na hollscoileanna ar fáil agus ar shainoiliúint de chuid eagraíochtaí eile.

Déantar teagmháil leis na Foirne Tacaíochta Comhairleacha i do cheantar Bhord Oideachais agus/nó Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin le haghaidh tuilleadh eolais, comhairle nó oiliúna.

Neamhord Speictream an Uathachais

Is cur síos é Neamhord Speictream an Uathachais (NSU) ar roinnt riochtaí trína léirítear na trí phríomhréimse deacrachta ar a dtugtar Triad na Máchailí (Wing agus Gould 1979). Is iad na trí réimse atá i gceist:

- Deacracht caidrimh shóisialta. Áirítear air seo fadhbanna le mothúcháin daoine eile a aithint agus a thuiscint agus lena mothúcháin féin a bhainistiú. Is doiligh leis na daltaí seo cairdeas a bhunú as siocair nach mbíonn siad in ann idirghníomhú le daoine eile.
- Deacracht cumarsáide sóisialta. I measc na ndeacrachtaí tá teanga labhartha agus neamhlabhartha, amhail comharthaí, gotha gnúise agus tuin gutha, a úsáid agus a thuiscint.
- Deacracht samhlaíochta sóisialta. Áirítear air seo toil, mianta agus iompraíocht daoine eile a thuiscint agus a thuar agus cásanna agus suíomhanna taobh amuigh dá dtaithe féin a shamhlú. Is minic a ghabhann réimse caol gníomhaíochtaí leantacha leis seo. Léirítear deacrachtaí i réimse na samhlaíochta agus na smaointeoireachta trí easpa solúbthachta sa smaointeoireacht agus san iompraíocht. Fágann an réimse deacrachta seo go bhfuil suíomhanna úra agus suíomhanna nach bhfuil siad eolach orthu dúshlánach ag daltaí plé leo.

Is trí Thriad iomlán na Máchailí a dhiagnóisítear NSU ach ní léirítear an Triad ar an dóigh chéanna i measc páistí agus daoine óga aonair. Meastar go bhfuil leibhéal na máchaile ar chontanaim ó 'éadrom' go dtí 'meánach' go dtí 'trom'.

Níl aon iompraíocht *per se* a léiríonn, as siocair gurb ann nó nach ann di, neamhord speictream an uathachais; is é an partún foriomlán agus na deacrachtaí a ghabhann leo a shainmhíníonn NSU (Jordan et al., 1998). Glactar leis gur 1 in 100 ráta na dteagmhas agus is é 4:1 an cóimheas fireann go baineann le blianta fada. Is den tábhacht fios a bheith againn go léiríonn cailíní i suíomhanna príomhshrutha tréithe níos caolchúisí ach go mbíonn coigeartuithe

agus idirghabhálacha de dhíth orthu le go mbeidh eispéireas rathúil oideachais acu.

Táthar ag glacadh leis ar bhonn níos forleithne le tamall go mbíonn difríochtaí céadfacha acu siúd ar a bhfuil NSU chomh maith le Triad na Máchailí. Tá mionchur síos ar na difríochtaí seo sa rannán a bhaineann le próiseáil chéadfach.

D'ainneoin go mbeidh gnéithe den saol laethúil dúshlánach ag daltaí ar a bhfuil Neamhord Speictream an Uathachais, is den tábhacht go dtógtar ar bhuanna agus ar stíleanna foghlama uathúla na ndaltaí. D'fhéadfaí go mbainfeadh na buanna sin le cuimhne mhaith ó mheabhair agus bheith mionsonrach ina gcuid oibre agus go háirithe maidir le peirspictíocht úr a léiriú ar ghnáthimeachtaí an lae.

Tagairtí

National Autistic Society (2010) NSU and Asperger's Syndrome: an introduction. Accessed 28th November 2010 from <http://www.ASD.org.uk/about-ASD/ASD-and-asperger-syndrome-an-introduction.aspx>

Jordan, R., Jones, G. & Murray, D. (1998). Evaluating Interventions for children with ASD: a literary review of recent and current research. London: DfES

Wing, L. and Gould, J. (1979) Severe impairments of social interaction and associated abnormalities in children: epidemiology and classification. Journal of ASD and Developmental Disorders, Vol. 9(1), pp. 11-29

Pointí Tábhachtacha faoi Dhaltaí ar a bhfuil Neamhord Speictream an Uathachais

- Tá dearcadh dhifriúil ag an pháiste nó duine óg ar an domhan. Tig leis seo peirspictíocht dhifriúil a thaispeáint do dhaoine eile ar ghnáthimeachtaí agus gnáthshuíomhanna an lae agus tig leis bheith iontach suimiúil.
- Is iondúil go mbíonn an chuma ar an pháiste nó duine óg ar a bhfuil NSU go bhfuil sé dírithe air/uirthi féin. D'fhéadfadh an chuma a bheith air/uirthi gur cuma leis/léi faoi rud ar bith ach a riachtanais féin.
- Bíonn próifíl foghlama neamhchothrom ag páistí agus daoine óga ar a bhfuil NSU. D'fhéadfadh daltaí éirimiúla deacrachtaí móra a bheith acu le tascanna maireachtála oiriúnaitheacha a bhaineann le hord seichimh agus le heagrúchán m.sh. na leabhair chearta a thabhairt chun na scoile nó tábla a ullmhú roimh bhéile.
- D'fhéadfadh an chuma a bheith ar an pháiste nó duine óg ar a bhfuil NSU nach bhfuil tuiscint ar bith nó gan ach beagán tuisceana aige/aici ar a mothaíonn nó a smaoiníonn daoine eile.
- D'fhéadfadh fadhbanna céadfacha a bheith ag an pháiste nó duine óg ar a bhfuil NSU – amharc, fuaimeanna, blas, boladh, uigeacht. (Féach an chaibidil ar phróiseáil chéadfach).
- D'fhéadfadh fadhbanna bia/míochaine a bheith ag an pháiste nó duine óg ar a bhfuil NSU – aiste theoranta bia/ fadhbanna dileáite/fadhbanna leithris.
- Is duine uathúil gach páiste nó duine óg – 'ní fhóireann méid amháin do gach duine'. Chomh maith le heolas ar NSU, is gá eolas a chur ar thréithe pearsanta an pháiste nó an duine óig.



Measúnú

Is úsáidí an próiseas measúnachta nuair a chuirtear buanna agus riachtanais dalta i gcomhthéacs. Tíocfaidh múinteoirí ar thuiscint chuimsitheach ar a gcuid daltaí trí réimsí éagsúla oiriúnaitheacha a mheas, amhail scileanna acadúla, stíleanna foghlama (féach pointe urchair 4 ar an dea-chleachtas), an dóigh agus an fáth a ndéanann an páiste nó an duine óg cumarsáid agus an dóigh a bhfreagraíonn an páiste do shuíomhanna sóisialta ar nós an halla dinnéir nó an chlós súgartha. Tá sé chomh tábhachtach céanna gur forfheidhmiú spriocanna agus idirghabhálacha a chuirtear in oiriúint don dalta aonair is toradh, mar is gá, don phróiseas chuimsitheach measúnachta. Is féidir iad seo a chlárú i ndoiciméad achoimre ar nos phróifíl an dalta agus an phlean gníomhaíochta a mhionsonraítear in Aguisín 1 agus 2.

1. Is foinse eolais ríluachmhar é Eolas Tuismitheora agus d'fhéadfaí a áireamh i bPróifíl an Dalta (féach Aguisín 2).
2. Cuireann an Tuairisc Síceolaíochta Oideachais sa ráiteas eolas tábhachtach ar fáil.
3. Tuairiscí Gairmiúla Ilghníomhaireachta m.sh. Teiripe Saothair, Tuairiscí Teiripe Urlabhra agus Teanga.
4. PSP (Psycho-Educational Profile): sainuirlis measúnachta NSU a thugann próifíl forbartha páiste – le húsáid, den chuid is mó, suas go dtí 7 mbliana d'aois.
5. Transition Assessment Profile (T-Tap) Uirlis measúnachta do dhaoine óga ó 14 bliana a bhreathnaíonn ar scileanna gairme.
6. Seicliostaí Scileanna Sóisialta (féach an liosta acmhainní agus trealaimh).
7. Trialacha caighdeánaithe, bunaithe sa seomra ranga más cuí, don dalta féin agus má chuireann siad le polasaí na scoile.

8. Breathnuithe scoilbhunaithe i réimse suíomhanna – tá tréimhse thosaigh breathnúcháin riachtanach maidir le próifíl an pháiste a thógáil agus ba chóir a nuashonrú ar bhonn leanúnach.
9. Monatóireacht Plean Oideachais (EP). Caithfidh Epanna díriú ar Thriad na Máchailí chomh maith leis an fhoghlaim acadúil. (Féach Aguisín 2).

Pointí Dea-Chleachtais

1. Cuir baill ábhartha foirne ar an eolas faoi stíl foghlama, leibhéal acadúla agus scileanna sóisialta an pháiste aonair, ag úsáid torthaí idirghníomhartha agus breathnuithe seomra ranga (Féach rannán ar mheasúnacht).
2. Léigh an t-eolas i dtuairiscí ilghníomhaireachta ó ranganna ina raibh an dalta cheana agus freagair dóibh (Féach rannán ar mheasúnacht).
3. Tabhair deiseanna do thuismitheoirí bheith ag obair i ndlúthpháirt leis an scoil. Úsáid eolas ó thuismitheoirí mar fhoinsé ríluachmhar, (Féach rannán ar mheasúnacht).
4. Cinntigh go bhfuil tú eolach ar leibhéal cumarsáide do dhalta. D'fhéadfadh dalta éirimiúil a bhfuil deis a labhartha aige/aici deacrachtaí suntasacha a bheith aige/aici le hinfearas, friotal cruthaitheach, closphróiséail agus le clostuisicint, léirthuisicint litriúil ar imeachtaí agus frásaí agus le comhrá cómhálartach.
5. Bíodh tuiscint ar stíl foghlama na ndaltaí, mar shampla, is fearr a fhoghlaimíonn bunús na ndaltaí más ar bhonn amhairc a chuirtear eolas ina láthair. Bíonn deacracht ag cuid acu, mar shampla, tosú ar thasc nó críochnaíonn siad go hiontach gasta é. Cuid eile acu, oibríonn siad leo go réidh; an chuma orthu nach gcluineann siad rud ar bith atá ag dul ar aghaidh thart orthu (fiú, b'fhéidir, trup ar nós aláram dóiteáin). Cuid eile acu, ní thig leo obair a fhágáil gan a críochnú. Is daoine ar leith iad gach dalta agus cuidíonn sé le múinteoirí fios a bheith acu cén dóigh a n-oibríonn siad agus a bhfoghlaimíonn siad nuair a bhíonn cinneadh le déanamh faoi idirghabhálacha fóirsteanacha agus faoi choigeartuithe sa seomra ranga do pháistí agus daoine óga aonair.

Deimhníodh go raibh na pointí seo úsáideach i scoileanna, ar fud Tuaisceart Éireann, ag soláthar clárthaí rathúla inlúideacha do pháistí agus daoine óga le Neamhord ar Speictream an Uathachais.

6. Nuair a bhíonn dalta ag aistriú ó réamhscoil go bunscoil nó ó bhunscoil go hiar-bhunscoil, déan socrú go dtabharfaidh an páiste nó duine óg agus a t(h) uismitheoirí cuairt ar an scoil gar d'am an aistrithe. Roghnaigh am ciúin don chuairt ar dtús, nuair a



bhíonn an scoil druidte b'fhéidir, agus cuir 'acmhainn aistrithe' ar fáil lena n-áirítear grianghraif de na múinteoirí agus de na seomraí ranga, halla spóirt, clós súgartha agus an halla dinnéir. I dtaca leis na páistí agus daoine óga is sine (nó do na páistí sin nach suim leo é), cuir léarscáil ar fáil.

7. Cruthaigh timpeallacht ina bhfuil 'inniúlacht uathachais' agus í deartha le riachtanais foghlama a léiriú agus le tacú le cuimsiú páistí ar a bhfuil NSU (ROTÉ, 2005, leathanach 4). Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar na gnéithe seo a leanas:

- i. An timpeallacht chéadfach (féach caibidil ar phróiseáil chéadfach).

Áirítear ar mhodhanna teagaisc amhairc:

- ii. Struchtúr fisiciúil an tseomra ranga (suíomh na ndeascanna, críocha soiléire faoi choinne am ciorcail nó spás grúpoibre).
- iii. Úsáid córais oibre – treoracha ar an obair atá le déanamh, cá mhéad oibre atá le déanamh, cá huair a bheidh an obair curtha i gcrích, cad é an chéad rud eile a tharlóidh. (féach Aguisín 3).
- iv. Fáil ar amchlár pearsanta.
- v. Gnáthaimh le plé le hathrú agus le haistriú i rith an lae (féach Aguisín 3).

8. A chinntiú go dteagasctar tuiscint shóisialta go saineúil (tag. A Guide to Classroom Practice: ASD Working Group pages 13-19).
9. Cuidiú le gach páiste imeascadh ag leibhéal cuí, a bhfuil ciall leis, lena p(h)iaráí.
10. A chinntiú go gcuirtear oiliúint NSU ar gach ball foirne agus go bhfuil cur amach acu ar na hidirghabhálacha saineúla a úsáidtear le gach dalta. Ba chóir go mbeadh an oiliúint cuimsitheach agus leanúnach (féach na rannáin a bhaineann le hoiliúint agus ardoiliúint).
11. Socruithe saineúla a dhéanamh don pháiste nó duine óg ag am sosa agus lóin más gá m.sh. maoirseacht ó dhuine fásta, scéalta sóisialta, cairde do dhaltáí bunscoile, cláir tacaíochta piaraí do dhaltáí iar-bhunscoile; am sa leabharlann le ríomhairí a úsáid nó le hobair baile a dhéanamh.
12. Is dócha nach mbeidh éifeacht ar bith ag idirghabhálacha traidisiúnta le hionpraíocht dhúshlánach a chur chun cinn. Is é an túsphointe is fearr, de ghnáth, dearcadh ar an ionpraíocht maidir leis an dóigh a bhfuil an NSU ag dul i bhfeidhm ar an pháiste nó duine óg. Tá a thuilleadh moltaí sa tábla in Aguisín 5 leis an ionpraíocht a mheasúnu, ag glacadh NSU mar an túsphointe agus tugtar modhanna idirghabhála le cuidiú linn aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna comónta.

Féach aguisín 5 chun straitéisí deá-chleachtas eile a fhéiceáil.

Cuideoidh na straitéisí seo uile maidir le himní an pháiste a mhaolú; mar sin féin, caithfear monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais mhothúchánacha an pháiste nó duine óg i rith an lae agus freagairtí cuí a thabhairt lena bhfolláine a chinntiú.

SUÍOMH SPEISIALTACHTA i mBUNSCOIL

Eolas Cúlra

Is ó shainrang NSU taobh istigh de bhunscoil phríomhshrutha an múnla seo do dhaltaí Bonnchéime agus Eochairchéim 1 a ndearnadh diagnóis neamhord speictream an uathachais orthu.

Teagasctar na daltaí ar feadh an chuid is mó den lá scoile i rang beag ina bhfuil uasmhéid 8 daltaí do gach múinteoir agus beirt chuntóirí ranga. 4 go dtí 8 mbliana an réimse aoiseanna agus tá an fhoireann oilte i réimse cur chuige ar a n-áirítear TEACCH, PECs, ABA, (féach an Rannán Oiliúna faoi choinne miniú ar na téarmaí), Oideachas Comhairleach NSU agus oiliúint INSET na mBord Oideachais agus Leabharlann ar a n-áirítear aistí bia céadfacha, súgradh idirghníomhach agus scéalta sóisialta. Is fearr a éiríonn le meascán 'eicléictiúil' straitéisí teagaisc; níl modheolaíocht ar bith 'méid amháin a fhóireann do chách' i gceist.

Is cuid dhílis de scoil é an rang, ní fheictear mar aonad nó mar scoil laistigh de scoil é.

Modhanna Imeachtha

Imeasctar gach dalta le rang ina b(h)lianghrúpa nó an bhliain faoi sin, más cuí. Imeascann siad maidir le tionóil, turais scoile, am dinnéir agus sa chlós súgartha – go minic ar feadh tréimhse ghairid ama le leibhéal ard tacaíochta ar dtús, agus ansin méadaítear an t-am a chaitear de réir a chéile agus laghdaítear an leibhéal tacaíochta de réir riachtanais an pháiste. Tig leo imeascadh fosta le haghaidh ábhair churaclaim, i réimse ina bhfuil an páiste measartha láidir de ghnáth, arís bíonn tacaíocht cúntóir seomra ranga ann de ghnáth chomh fada agus is cuí.

D'fhéadfadh na páistí sin atá réidh faoina choinne dul ar aghaidh le cuid mhaith den lá a chaitheamh leis an rang príomhshrutha ach teagmháil go fóill acu leis an rang NSU más gá. In amanna, bíonn cuidiú de dhíth air/uirthi leis an

lá a eagrú agus, mar sin de, beidh gá le hamchlár nó le straitéisí suaimhnithe a chur ar fáil, de réir a gcuid riachtanas. Is léir go bhfuil dlúthchaidreamh idir an sainmhúinteoir NSU agus an múinteoir príomhshrutha riachtanach le go n-éireoidh leis an mhúnla seo. Oibríonn imeascadh ar roinnt leibhéal éagsúil:

Imeascadh inbhéartaithe - nuair a théann grúpa beag daltaí príomhshrutha isteach sa rang NSU, oibríonn sé seo go maith mar chéad chéim den imeascadh óir ní chaithfidh daltaí dul i ngleic le suíomh úr chomh maith le daoine úra.

Imeascadh grúpa iomláin - isteach i rang eile le tacaíocht ón sainmhúinteoir agus ó chúntóir ranga.

Imeascadh grúpa bhig - isteach i rang eile le tacaíocht ó chúntóir ranga.

Imeascadh aonair - isteach i rang eile le tacaíocht ó chúntóir ranga.

Imeascadh aonair - isteach i rang eile gan tacaíocht.

Bíonn caidreamh dlúth idir foireann agus dalta má bhíonn an páiste céanna acu ar feadh ceithre bliana. Caithfidh an fhoireann bheith an-íogair maidir le riachtanais agus aoibh, nithe is maith agus nach maith le gach páiste óir fiú na páistí is caintí againn tig leo deacrachtaí a bheith acu an méid a shíleann nó a mhothaíonn siad a chur in iúl.

Torthaí

Déantar monatóireacht rialta tríd an Phlean Oideachais (EP) spriocanna, seicliostaí (féach Auisín 3) agus bailiú sonraí nuair is gá.

Ag deireadh Eochairchéim 1 déantar athbhreithniú aistrithe agus bíonn gach duine a bhfuil suim ghairmiúil acu sa pháiste i láthair nó cuireann siad a gcomhairle faoina bhráid. Déantar cinneadh ansin maidir leis an chéad

socrúchan eile don pháiste; tá trí phríomhchosán a leanann na daltaí. Do chuid acu, is taobh istigh de shuíomh speisialtachta na scoile a bhíonn an socrúchán is fearr; is minic a bhogann cuid eile ar aghaidh chuig rang tacaíochta foghlama mar a dtig leo leas a bhaint as socrúchán grúpa bhig a fhad is atá siad ag leanúint d'imeascadh lena bpiaraí príomhshrutha; téann an tríú grúpa ar aghaidh chuig an phríomhshruth (le tacaíocht cúntóir ranga nó gan í). Cibé cosán a théann an páiste, déantar an próiseas aistrithe a phleanáil go cúramach agus tagann an páiste i dtaithe ar an socrúchán úr de réir a chéile. Is minic a ghlacann sé seo míonna lena chur i gcrích ach cinntíonn sé tacaíocht don teaghlach agus an t-aistriú is lú strus don pháiste.

Timpeallacht an tSeomra Ranga

Tugann na ranganna NSU timpeallacht struchtúrtha don pháiste a thugann aghaidh ar riachtanais an duine aonair. Tá leagan amach agus tuin an tseomra ranga ar na huirlisí is tábhachtaí le cuidiú le páistí a bhfuil NSU orthu ionchais a thuiscint agus an curaclam a rochtain. Tá cruthaithe fosta go bhfuil tionchar suntasach aige ar íompraíocht dhearfach a chur chun cinn. Is fiú go leor machnaimh a dhéanamh faoi leagan amach an tseomra ranga. B'fhéidir go gcaithfeadh an timpeallacht fhisiciúil bheith níos struchtúrtha (réimse sách láidir do chuid mhór de na daltaí againn a gcuid scileanna amhairc) agus láithreacha saincheaptha soiléire do ghníomhaíochtaí éagsúla.

D'áireofaí ar na láithreacha seo:

- 1:1 láthair teagaisc
- Stáisiún oibre (cubhachail iata le bheith ag obair go neamhspleách nó deasc oibre)
- láthair aistrithe (sceidil agus amhchláir suite i láthair ar leith)
- láthair smailceanna
- láthair grúpoibre agus grúpghníomhaíochtaí

- láthair scéalta/rolla/teilifíse
- ríomhaire
- láthair súgartha
- seomraí cotaí/láthair le héadaí C.O a chur orthu
- leabharlann
- láthair feithimh
- láthair chéadfach/chiúin

Is minic a bhíonn na daltaí go huile is go hiomlán gafa le ríomhairí, le bréagáin nó le teilifís, is mór an cuidiú iad seo a choinneáil i bhfad ó réimsí oibre agus teagaisc le nach mbaineann siad d'aird an pháiste. Ba chóir, mar sin féin, iad a bheith mar cuid d'amchlár an lá scoile ionas go dtig leis na daltaí a fheiceáil go dtabharfar am dó/di bheith ag gabháil do réimsí a bhfuil suim mhór aige /aici iontu.

Leagan Amach Seomra Ranga


Ó scoil de chuid SELB na grianghraif seo.



Teagasc ag tábla,
obair úr nó obair ina mbeidh
cuidiú de dhíth ar an dalta

Scéal / Teilifís. /Rolla


Grúpobair /
Am Smailce



Obair neamhspleách

Gníomhaíochta
barr thábla

Seomra cótai



Riomhaire

Éadaí Corpoideachais

Ceantar
idirghnímh

An Coirnéal Ciúin/Suaimhneach

Úsáidtear an coirnéal ciúin nó láthair chéadfach (sa phictiúr thíos) mar láthair 'socrú síos' do na huaireanta sin nach féidir imní, frustrachas ná fearg a láimhseáil. In amanna, is é an rud a bhíonn de dhíth ar dhaltáí, teacht ar áit atá go hiomlán saor ó nithe a bhainfeadh d'aird an pháiste agus saor ó ionchur céadfach. Amanna eile, d'fhéadfadh ionchur céadfach bheith de dhíth orthu (m.sh. gluaiseacht nó domhainbhrú) ó réada amhail liathróidí teiripe nó bréagáin tadhail nó pluideanna ualaithe. Is iomaí dalta ar a bhfuil



NSU a chailleann a gcumas cumarsáide nuair a bhíonn siad imníoch nó trína chéile agus, mar sin de, is áis iontach é an coirnéal ciúin – ní fada go dtuigeann siad gur áit shábháilte é seachas piónós agus nach dtógfar ceist ar bith go dtí go mbíonn siad socair go leor le freagra a thabhairt. Is minic a iarrann siad cead dul chuig an choirnéal ciúin nuair a thosaíonn siad ag éirí tógtha nó trína chéile nó bíonn claonadh aige tionchar suaimhnithe a bheith aige agus cuireann sé iompraíocht dhearfach chun cinn.

Amchlár

Cuidíonn amchláir leis an dalta na gníomhaíochtaí atá le titim amach le linn an lá scoile a thuiscint agus is féidir iad a úsáid le cuidiú le daltaí plé le hathruithe. Tig leis an mhúinteoir an méid atá beartaithe a thaispeáint don dalta agus ansin an méid a tharlóidh ina áit sin. Laghdaíonn sé seo imní agus cuireann an fhoghlaim chun cinn. Úsáidimid uile dialanna, féilirí *Outlook* agus gutháin phóca mar uirlisí eagrúcháin. Is é a dhála sin é ag páistí ar a bhfuil NSU agus baineann formhór na ndaltaí tairbhe as fáil a bheith acu ar sceideal sainiúil pearsanta a fhreastalaíonn ar a gcuid riachtanas.

Déantar réimse sceideal laethúil/amchláir a cheapadh le haghaidh leibhéal tuisceana dalta aonair agus d'fhéadfaí go n-áireofaí:

- réad/tobi (true object based icon – scantar fíor-réad agus cuirtear é ina fhíormhéid ar an sceideal) – réad a bhfuil baint aige leis an ghníomhaíocht de ghnáth; m.sh. peann luaidhe mar obair, cupán mar smailc;
- líníocht mhór agus focal beag;
- an chéad rud eile?.... am faoi choinne.....;
- líníocht bheag agus focal mór (do léitheoirí tosaigh);
- an focal amháin (do léitheoirí níos fearr);
- amchlár seachtainiúil;
- amchlár ranga scríofa.

Sampla d'Amchláir Phearsanta i Seomra Ranga



D'fhéadfadh roinnt daltaí réad nó cárta aistrithe a bheith de dhíth orthu lena dtabhairt chuig an láthair aistrithe lena n-amchlár a sheiceáil. D'fhéadfaí go gcaithfeadh siad ansin an réad nó pictiúr ar a sceideal a thabhairt leo agus a mheaitseáil le ceann eile atá díreach mar an gcéanna sa láthair ina ndéanfar an ghníomhaíocht. Bíonn roinnt daltaí nach dtig leo plé ach le gníomhaíocht amháin nó beirt ar a sceideal ag an aon am amháin; cuid eile acu tig leo sceideal a bheith acu a bhaineann le cuid den lá nó leis an lá iomlán. Caithfear an dalta a chur ar an eolas faoi chóras le hathruithe sceidil a aibhsiú.

Pleanáil

Is cuidiú é tréimhse fhada mheasúnachta (féach rannán measúnachta) chomh maith leis an eolas atá i Ráiteas Sainriachtanais Oideachais an pháiste, i bpróifíl an dalta, comhairle tuismitheora, comhairle lucht gairme eile agus breathnuithe seomra ranga, is cuidiú iad uile maidir leis an Phean Oideachais a chur i dtoll

a chéile, ina n-áirítear spriocanna le tabhairt faoi Thriad na Máchailí (féach an cur síos ar NSU) mar a léiríonn gach páiste iad. Is iondúil go n-eagraíonn múinteoirí cruinnithe le tuismitheoirí le Plean Oideachais an pháiste a phlé, le hAthbhreithniú Bliantúil a dhéanamh agus le tráthnóna Tuismitheoirí/ Múinteoirí a eagrú. Spreagtar tuismitheoirí le teagmháil a dhéanamh linn am ar bith má bhíonn ábhar imní orthu. Bíonn múinteoirí i láthair fosta ar chás-chomhdhálacha nó ar chomhairliúcháin mhíochaine nuair a mheastar é seo bheith cuidiúil agus d'fhéadfadh ionchur a bheith acu ó lucht gairme eile a bhfuil baint acu leis an pháiste, amhail Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga nó Teiripeoirí Saothair.

Caithfear rochtain a bheith ag an pháiste ar an churaclam iomlán mura ndeirtear a mhalairt ar a ráiteas; ach caithfear an luas agus an t-ábhar a chur in oiriúint le deacrachtaí foghlama ar bith agus coigeartuithe a chur san áireamh.

Ar na straitéisí pleanála is úsáidí, is minic a úsáidtear 'leabhar baile/scoile' a éascaíonn síorchumarsáid le tuismitheoirí. Cuireann an múinteoir in iúl do na tuismitheoirí faoi na gníomhaíochtaí a raibh an dalta páirteach iontu an lá sin, cé acu a d'íth siad go maith nó nár íth, nuacht ar bith, obair baile agus eolas ginearálta faoin pháiste. Ansin, síníonn na tuismitheoirí é agus scríobhann a dtrácht féin, ag cur in iúl don scoil faoi nuacht nó eolas ar bith, mar shampla cé acu a chodail nó nár chodail an páiste go maith. Cuirtear litreacha nó foirmeacha atá le tabhairt abhaile sa leabhar baile/scoile ionas nach luíonn siad i ndearmad i mála scoile. Tig le tuismitheoirí an leabhar baile/scoile a úsáid fosta le cruinniú nó scairt ghutháin a iarraidh agus tig le múinteoirí a úsáid le réamhfhógra a thabhairt faoi athruithe nó imeachtaí atá le teacht.

Acmhanní Amhairc

Ar na straitéisí eile a úsáidtear, áirítear scéalta sóisialta, ceol suaimhnithe, cairteacha roghanna, cur i gcuimhne ar dheascanna (sealanna cainte), cártaí éigeandála (cártaí cuidiú de dhíth/imeacht ón rang), leideanna amhairc (ciúin, lámha síos, ná buail), cairteacha gradaim le spreagthaigh láidre, cláir glacadh sealanna agus straitéisí iomlán scoile amhail, duaiseanna as dea-iompair, aitheantas dhalta na seachtaine, ar aghaidh go dtí duais fhíor amhail bréagán beag nó paicéad crián. D'fhéadfadh cur i gcuimhne breise bheith de dhíth ar

dhaltaí aonair m.sh. cárta amhairc rialú airde fuaimhe má bhíonn claonadh acu scairteadh/cogarnach. D'fhéadfaí gur ghá sceidil, leabhair agus cathaoireacha a chódú de réir dathanna le cur ar chumas daltaí nach dtig leo léamh a spás agus a maoin a aithint.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Níl amhras ar bith gur dushlán é bheith ag obair leis na daltaí seo, ach is iontach an pribhléid é chomh maith agus is féidir luach iontach saothair a bhaint as. As roinnt áiteanna a thagann tacaíocht do bhaill foirne. Is cuidiú iontach iad seirbhísí NSU na mBord Oideachais agus Leabharlann (ELB) – tig le sainchomhairleoir cuairt rialta a thabhairt ar an scoil le tacú le múinteoirí agus le daltaí aonair. Tairgeann cuid de na ELBanna tacaíocht sa bhaile. Éascaíonn siad fosta cnuasghrúpaí a thugann an deis do mhúinteoirí ceisteanna a phlé i gcuideachta a chéile. Is den tábhacht gur cuid inmheánach den scoil é an rang; bainfidh idir bhaill foirne agus dhaltaí tairbhe as an oiliúint iomlán scoile ar fheasacht NSU agus as seirbhísí NSU na ELBanna agus ansin, nuair a bhíonn taithí ag múinteoirí ar pháistí a bhfuil NSU orthu a theagasc, as cláir oiliúna Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin.

Is cinnte gur dhúshlán é a bheith ag obair leis na páistí seo, ach pribhléid fosta agus iontach luachmhar.

SAINSUÍOMH IN IAR-BHUNSCOIL

Eolas Cúlra

Is soláthar iar-bhunscolaíochta é an tlonad Acmhainní Cumarsáide (CRC) do dhaltaí ar a bhfuil neamhord speictream an uathachais a bhfuil leibhéal suntasach tacaíochta de dhíth orthu le freastal ar scoil príomhshrutha.

Socraíodh ar shamhail sholúbtha a ghlacadh a nascfadh suíomh 'seomra baile' do theagasc grúpa bhig le himeascadh i ranganna príomhshrutha. Faoi láthair, tá 26 dalta, 4 Sheomra baile, 3 múinteoirí lánaimseartha, múinteoir páirtaimseartha agus 6 cúntóirí ranga san Ionad.

Modhanna Imeasctha

Imeasctar gach grúpa le rang ina bhliainghrúpa, an rang ísealchumais de ghnáth. Cé go bhfeidhmíonn cuid mhór de na daltaí ag leibhéal ard agus go bhfuil siad inniúil, acadúil, is é an rang ísealchumais is fóirsteanáí óir tá an luas beagán níos fadálaí agus an rang beagán níos lú ná na ranganna eile. Imeascann siad leis an rang seo le linn Eochairchéim 3. Bíonn gach rang sa bhliainghrúpa ag gabháil don ábhar curaclaim céanna agus déanann múinteoirí an Ionaid idirchaidreamh leis na múinteoirí príomhshrutha lena chinntiú go bhfuil siad ag obair, a bheag nó a mhór, ar an luas céanna. Chomh fada agus is féidir, suíonn na páistí a fhreastalaíonn ar an CRC na scrúduithe céanna faoi Nollag agus i Meitheamh agus a shuíonn an chuid eile den rang imeasctha, ach d'fhéadfaí go ndéanfadh siad amhlaidh sa Seomra Baile le roinnt tacaíochta.

Cloíonn an grúpa le hamchlár an ranga lena bhfuil siad imeasctha agus cuireann sé seo ar ár gcumas socruithe an-solúbtha a bheith againn. Na daltaí a dhéanann dul maith chun cinn sna grúpaí beaga agus atá compordach go leor go sóisialta, is réidh leo bogadh isteach sa rang príomhshrutha ach go mbíonn an rogha acu fosta bogadh ar ais isteach sa ghrúpa bheag más gá.

Oibríonn an t-imeascadh ar roinnt leibhéal eagsúil:

- Imeascadh an ghrúpa iomláin i rang eile, le tacaíocht ón sainmhúinteoir agus ó chuntóir ranga.
- Imeascadh an ghrúpa iomláin i rang eile, le tacaíocht ó chuntóir ranga.
- Imeascadh dalta aonair i rang eile, le tacaíocht ón sainmhúinteoir nó ó chuntóir ranga.
- Imeascadh dalta aonair i rang eile, gan aon tacaíocht.



Tá go leor deascanna i ngach Seomra Baile don ghrúpa a úsáideann é, crochadáin do chótaí agus do mhálaí C.O., Coirnéal Ciúin gona shuíocháin bhoga agus seinnteoir teilifíse/DVD agus roinnt stáisiún ríomhaireachta. Feidhmíonn an Seomra Baile mar bhunáit do lá iomlán na ndaltaí agus bíonn sé ar oscailt ó 8.30 r.n. Téann siad chuig an Seomra Baile a luaithe is a bhaineann siad an scoil amach agus coinnítear a maoin uile sa Seomra Baile le rúille búille na háite ina bhfuil na taisceadáin a sheachaint. Bíonn an Seomra Baile ar oscailt agus faoi mhaoirseacht ag am sosa agus lóin fosta agus cead ag na daltaí consóil agus cluichí ríomhaireachta láimhe a thabhairt leo le linn na dtréimhsí seo. Tá cluichí boird agus leabhair ar fáil fosta. Spreagtar na daltaí cuireadh a chur ar chairde bheith leo ag am sosa agus lóin ionas gur féidir a scileanna sóisialta a fheabhsú.

Tá a oiread tóir ar na Seomraí Baile go mbíonn, ó am go chéile, uainchlár cuairteoirí de dhíth.

Mar chuid dár bhfócas ar fheabhsú scileanna sóisialta, d'eagraigh muid roinnt gníomhaíochtaí seach-churaclaim – baineadh triail as Grúpa Cairdis le linn na chéad bhliana ach mhothaigh muid é a bheith róshaorga agus níor lean muid de; reáchtáladh turais éagsúla – chuig seónna talmhaíochta, chuig taispeántais iarsmalainne agus eolaíochta, ionaid spéise stairiúla amhail caisleáin, chuig tionscadal áitiúil trasphobail; cuireadh béile ar fáil do na fágálaithe scoile agus cúntóirí ranga a bhí ag obair ina gcuideachta ag deireadh na bliana; eagraíodh deireadh seachtaine cónaithe don scoil shinsearach. D'oibrigh na suíomhanna 'saol fíor' seo níos fearr ná an grúpa cairdis.

Féach aguisín 4 chun léaráid ar an phróiséas imeascadh a fhéiceáil.

Acmhainní Amhairc

Tá amchlár lae atá códaithe de réir dathanna greamaithe go follasach den chlár agus scríobhtar socrú breise ar bith taobh leis. Ag tús na bliana, tugar amchlár seachtainiúil códaithe de réir datha lannaithe do gach dalta a fhóireann do phóca bléasair agus cuirtear a mhacasamhail chéanna abhaile chuig na tuismitheoirí le cuidiú leo an mála scoile a eagrú do gach lá. Chomh fada agus is féidir, cuirtear cóid de réir datha ar théacsleabhair ábhair agus ar chóipleabhair le meaitseáil leis na hamchláir.

Ar na straitéisí eile a úsáidtear san Ionad áirítear scéalta sóisialta, ceol suaimhnithe, cairteacha roghanna (dearbhan as rogha mhaith), cur i gcuimhne ar an deasc (sealanna cainte), cártaí éigeandála (caithfidh mé dul chuig an Seomra Baile anois!), póstaer seomra ranga (coinnigh gach duine sa chiorcal) agus straitéisí iomlán scoile amhail tuillteanais as dea-iompar agus cártaí saor ó obair baile dá bharr. Tá amchlár amhairc agus leabhar sceidil laethúil indibhidiúil de dhíth ar dhuine de dhaltáí Bhliain 8 i mbliana. Rinne a mhúinteoir dearcadh níos dearfaí a chur chun cinn maidir leis an scoil trí Leabhar Gnóthachtála laethúil agus leabhar 'Rudaí le cuimhneamh orthu agus le smaoineamh orthu' a choinneáil.

Lena chois sin, ó am go chéile déanaimid socrú le tuismitheoirí duaiseanna a thairiscint as líon áirithe tuillteanas nó as cairteacha lán de realtaí – bíonn ó bharraí seacláide go cluichí úra do na consóil láimhe i gceist. Freagraíonn bunús gach dalta do 'margadh a dhéanamh' (déanann tú uair an chloig d'obair baile, ansin beidh cead agat cluiche ríomhaireachta a imirt).

Pleanáil

Ar na straitéisí pleanála is úsáidí, is minic a úsáidtear 'leabhar baile/scoile' a éascaíonn síorchumarsáid le tuismitheoirí. Scríobhann an múinteoir trácht gach lá agus síníonn na tuismitheoirí é nó scríobhann siad a dtrácht féin, Cuirtear litreacha nó foirmeacha atá le tabhairt abhaile sa leabhar baile/scoile ionas nach luíonn siad i ndearmad i mála scoile. Tig le tuismitheoirí an leabhar baile/scoile a úsáid fosta le cruinniú nó scairt ghutháin a iarraidh agus tig le múinteoirí a úsáid le réamhfhógra a thabhairt faoi athruithe nó imeachtaí atá le teacht.

Is iondúil go n-eagraíonn múinteoirí cruinnithe le tuismitheoirí i ndiaidh scrduithe na Nollag agus Mheithimh, faoi choinne Athbhreithnithe Bliantúla agus comhairliúcháin Bliainghrúpaí. Spreagaimid tuismitheoirí le teagmháil a dhéanamh linn am ar bith má bhíonn aon ábhar imní orthu. Freastalaíonn múinteoirí fosta ar chás-chomhdhálacha nó ar chomhairliúcháin mhíochaine nuair is cuidiú é agus d'fheádfadh siad atreorú le seirbhís chomhairleoireachta na scoile, le seirbhísí lucht méala nó le seirbhísí for-rochtana iompair a mholadh.

Ag tús gach bliana, socraíonn gach múinteoir san Ionad cé na hábhair a theagascfaidh sé/sí don ghrúpa bheag (ó 3-5 ábhar), cé na hábhair a rachaidh sí chucu ina gcuideachta agus cé na hábhair ina dtabharfaidh sí tacaíocht duine go duine (tacaíocht litearthachta nó uimhearthachta, b'fhéidir). Is beart díreach go leor é seo in Eocharchéim 3, nuair a bhítear ag obair le blianghrúpa amháin, ach is deacra i bhfad é má cumashtar dhá bhliainghrúpa nó ag Eochairchéim 4.

Faoi Eochairchéim 4 is iondúil go bhfuil na daltaí socraithe go maith ar an scoil agus aithne agus tuiscint ag formhór na múinteoirí príomhshrutha orthu. Mar sin de, tá go leor acu in ann freastal ar ranganna príomhshrutha leo féin. Braitheann an tacaíocht a thugtar ag an chéim seo ar leibhéal an riachtanais. Tá tacaíocht an mhúinteora nó an chúntóra ranga de dhíth ar bhunús na ndaltaí

i roinnt ábhar ach ní iontu uile, ach bíonn tacaíocht lánaimseartha de dhíth ar dhalta ó am go chéile agus, chomh fada agus is féidir, cuirtear é seo ar fáil.

Baintear cuid de na daltaí as bloc iomlán roghanna agus cuirtear tréimhsí tacaíochta ar fáil sa Seomra Baile ionas gur féidir cuidiú a thabhairt maidir le hobair chúrsa nó staidéar le haghaidh trialacha nó scrúduithe. Déanann na múinteoirí agus na cúntóirí ranga idirchaidreamh le múinteoirí príomhshrutha ábhar lena chinntiú go gcoinnítear daltaí ar an eolas faoin obair atá á déanamh sna ranganna. Nuair a bhíonn scrúduithe GCSE le suí, déantar na socrúithe cuí rochtana – faigheann bunús iarratasóirí an Ionaid 25% d'am breise agus cead acu na scrúduithe a shuí i gceann de na Seomraí Baile. D'fhéadfadh léitheoir, leideoir nó scríobhaí a bheith de dhíth ar dhaltaí eile. Is cuidiú é seo le cuid den imní a bhaineann le haimsir na scrúduithe a mhaolú.

Coigeartuithe Timpeallachta

Feidhmíonn an coirnéal ciúin i ngach seomra mar áit shóisialta le linn am sosa nó lóin ach úsáidtear é fosta mar áit shuaimhnithe do na hamanna sin nuair a éiríonn imní nó frustrachas do bhainistithe nó mar otharsheomra nuair nach mothaíonn dalta go maith. Úsáidtear é fosta faoi choinne Am Ciorcail nó tréimhsí tostacha léitheoireachta nó le coimhcad ar ghearrthóga fise a bhaineann leis an ábhar atáthar a theagasc dóibh. Is léir go gcailleann cuid mhór daltaí a bhfuil NSU orthu cumas na cumarsáide nuair a bhíonn imní orthu nó nuair a bhíonn siad trína chéile agus, mar sin de, is áis ríluachmhar é an coirnéal ciúin – ní fada go dtuigeann siad gur áit shábháilte í seachas piónós agus nach dtógfar ceist ar bith go dtí go mbíonn siad socair go leor le freagra a thabhairt. Is minic a iarrann siad cead dul chuig an choirnéal ciúin nuair a thosaíonn siad ag éirí tógtha nó trína chéile nó bíonn claonadh aige tionchar suaimhnithe a bheith aige agus cuireann sé iompraíocht dhearfach chun cinn.

Torthaí

Go dtí seo, bhí gach dalta de chuid an Ionaid in ann 5 ábhar GCSE ar a laghad a shuí agus d'éirigh go han-mhaith le cuid acu, ag baint amach grád C nó níos fearr in 4 ábhar nó níos mó. D'éirigh le daltaí Bhliain 12 roinnt grád A a bhaint

amach ar na mallaibh agus bhog beirt ar a laghad ar aghaidh chuig cúrsaí A-Leibhéal an bhliain dar gcionn. Freastalaíonn bunús na ndaltaí eile ar chúrsaí ar Choláistí Réigiúnacha ina gceantair féin. Tá ag éirí leis an Ionad – oibríonn sé. Tá dhá phríomhchúis a n-éiríonn leis – úsáid samhail sholúbtha agus gach duine a oibríonn ann a aithint gur duine ar leith é gach páiste ar a bhfuil NSU – is é croí na hoibre leo, aithne a chur orthu.

Fobairt Ghairmiúil Leanúnach

Is den tábhacht gur dlúthchuid den scoil é an rang; bainfidh idir bhaill foirne agus dhaltaí tairbhe as an oiliúint iomlán scoile ar Fheasacht NSU de chuid Sheirbhísí NSU an ELB agus ansin, nuair a bheidh taithí ag múinteoirí ar pháistí ar a bhfuil NSU a theagasc, as oiliúint ar na Modhanna Cumasctha (Blended Approaches) Idirghabhála a sholáthraíonn Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin (MCA).


Tá tacaíocht ar fáil don fhoireann i roinnt áiteanna. Is iontach an cuidiú iad seirbhísí NSU an Bhoird Oideachais agus Leabharlann (ELB) – tig le comhairleoir speisialtachta cuairt rialta a thabhairt ar an scoil le tacú le múinteoirí agus le daltaí aonair. Tairgeann siad tacaíocht baile i roinnt ELBanna fosta. Tig leo oiliúint iomlán scoile a sholáthar, rud a éascaíonn imeascadh. Éascaíonn siad fosta cnuasghrúpaí a thugann deis do mhúinteoirí ceisteanna a phlé lena chéile. Tá cúrsaí oiliúna éagsúla saor in aisce ann a bhfuil fáil ag scoileanna orthu ar bhonn leanúnach, cuid acu bunaithe san ELB, cuid eile trí Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin, Co. Ard Mhacha.

SEOMRAÍ RANGA PRÍOMHSHRUTHA

Is lú an diantacaíocht a bheidh de dhíth ar roinnt páistí agus daoine óga seachas a chéile. In amanna, ba leor coigeartuithe beaga ar eagrú nó leagan amach agus tacaíocht bhreise le linn amanna deacra ag dalta, le heispéireas rathúil scoile a éascú don pháiste nó duine óg ar a bhfuil NSU. Is samplaí iad seo a leanas de straitéisí inoiriúnaithe nach mbeadh aon deacracht ag baint leo i seomra ranga príomhshrutha. Bíonn na prionsabail chéanna idirghabhála i gceist agus a bhíonn sna rannáin 'Suíomh Speisialtóireachta', ach is féidir iad a choigeartú le cur le riachtanais aonair. Tig le múinteoirí, tríd an mheasúnú, cinneadh ar cé na hidirghabhálacha atá de dhíth agus cá huair is féidir iad a laghdú. Ní gnách go moltar fáil réitithe de straitéisí breise go hiomlán ach amháin go bhfuil siad inmheánaithe ag an pháiste nó ag an duine óg agus go dtig leis/léi an méid atá foghlamtha acu a chur i bhfeidhm i suíomhanna éagsúla. Is minic a fhaigheann múinteoirí amach go gcuidíonn cuid de na straitéisí seo maidir le páistí nó daoine óga eile ina rang(anna).

Straitéisí Idirghabhála i Seomraí Ranga Príomhshrutha

Is íomhánna de chuid Fhoireann Chomhairleach an SEELB iad seo.



Eagrú Leabhair



Chan am ríomhaireachta



Áit le seasamh le linn gníomh aclaíochta



Scáthláin in-bhogtha

Amchláir Indibhidiúla

Laethúil / Seachtainiúil

Thursday

- Maths
- R.E.
- BREAK
- English
- Science
- LUNCH
- History
- HOME

Timetable

Name	1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
Mon	Geo. Ro 8	His Ro 9	His Ro 9	Maths Ro 9	Maths Ro 9	P.E. Gym	P.E. Gym	Art Ro 8	Art Ro 9	Form Period Ro 9
Tues	RE-1	RE-1	Maths Ro 9	French Ro 9	Eng Ro 9	Maths Ro 9	Maths Ro 9	Art Ro 8	Art Ro 8	Art Ro 8
Wed	Eng Ro 9	French Ro 9	French Ro 9	P.E. Gym	P.E. Gym	R.E. Ro 9	Tech TL 1	N Tech TL 1	Art Ro 8	Art Ro 8
Thur	Sci Ro 9	Sci Ro 9	Sci Ro 9	L.T. IT Ro 9	L.T. IT Ro 9	R.E. Ro 9	Maths Ro 9	Art Ro 8	Eng Ro 9	French Ro 9
Fri	Tech TL 1	Lib Lib	R.E. Ro 9	Eng Ro 9	Eng Ro 9	French Ro 9	Maths Ro 9	Sci Ro 9	Sci Ro 9	His Ro 9

Leabhair agus Ailt ar Fiú a mBreathnú

Breakley, C. agus Hesmondhalgh. M., *Access and Inclusion for Children with ASD Spectrum Disorders*. (2001). Londain: Jessica Kingsley Publishers.

Christie, P. agus Fidler, R. (2001) A Continuum of Provision for a Continuum of Need: Opportunities for Mainstream Integration and Inclusion Provided by a Special School for Children with ASD. *Good ASD Practice Journal*. 2. 1. lch. 36.

Jordan, R. agus Peeters, T., (1999) What Makes a Good Practitioner in the Field of ASD? In: G. Jones (Eag) *Good ASD Practice*. Birmingham: The University of Birmingham. lch. 23.

Acmhainní agus Trealamh

- Autistic Spectrum Disorders: A Guide to Classroom Practice (leabhrán agus DVD "Teachers Toolkit") leis an ASD Working Group. Evaluating Provision for Autistic Spectrum Disorders in Schools (2005) pb. Dept. of Education
- Report of the Task Group on ASD pb. Dept of Education (caib.3)
- Good Practice Guidelines (for Schools to meet the Special Educational Needs of Pupils at the School Based Stages of the Code of Practice (caib. 3) pb. Education and Library Boards.
- Scottish Intercollegiate Guidelines Network NHS (2007) Assessment, diagnosis and clinical interventions for children and young people with ASD spectrum disorders. A national clinical guideline. [Ar Líne]: Ar fáil sa RA <http://www.sign.ac.uk/pdf/sign98.pdf> Rochtain dheireanach: 04/11/2010
- Boardmaker Software: píosa bogearra inchoigeartaithe le sceidil, sárshiomailí, scéalta sóisialta, ciúnna agus cur i gcuimhne a chruthú

- Bogearraí Writing with Symbols: a úsáidtear fosta le tacaíocht amhairc a chruthú. Cuireann an ríomhchlár seo ar ár gcumas abairtí gona siombailí a chruthú.
- Clicker 5
- Ríomhaire
- Lannaitheoir
- Velcro
- Amadóirí
- Áit chiúin gan ach beagán cur isteach
- Trealamh OT mar a mholtar m.sh. cúisín 'Movin' sit, rolla pis talún, clár 'scooter' (féach caibidil ar 'céadfach')
- Dialann Baile/Scoile – córas cumarsáide laethúil dhá bhealach
- Mionchláir bhána – a cheadaíonn cleachtadh leantach ar scileanna mínluaile, ceartú easca earráidí, obair indibhíde le cóipeáil isteach i leabhair, cumarsáid amhairc leis an pháiste.
- Quest – uirlis úsáideach dhiagnóiseach do dhaltai Eochairchéim 1 sa Litearthacht agus san Uimhearthacht
- Sraith Talkabout – Alex Kelly Acmhainn Teagaisc Scileanna Sóisialta
- Cluichí Oideachasúla - www.bbc.co.uk/skillswise
- Measúnacht Scileanna Sóisialta Aarons agus Gittens
- Cluichí Boird m.sh. *Monopoly, Cranium, Pictionary.*

- Ríomhairí *Alphasmart* (do dhaltaí ag a bhfuil deacrachtaí scríbhneoireachta)
- Beat Dyslexia (do dhaltaí a bhfuil sainfhadhbanna litearthachta acu)

Deiseanna Oiliúna

Cláir Oiliúna NSU a chuireann gach Bord Oideachais agus leabharlann ar fáil, lena n-áirítear:

- INSET 2 lá do Bhunscoileanna – Forbhreathnú ar Neamhord Speictream an Uathachais.
- Anailís Fheidhmithe Iompraíochta - Tacaíocht don pháiste ar a bhfuil Neamhord Speictream an Uathachais trí phrionsabail na hAnailíse Feidhmithe Iompraíochta a úsáid.
- Boardmaker - Oiliúint Ríomhchláir.
- Writing With Symbols - Oiliúint Ríomhchláir.
- Oiliúint Iomlán Scoile ar Neamhord Speictream an Uathachais.

Oiliúint Cumarsáide Amharc-Bhunaithe, lena n-áirítear;

- Cláir Hanen do mhúinteoirí.
- Cumarsáid Malartaithe Pictiúr (PECS).
- Clár Eklan.

Oiliúint Idirghabhála Sainiúla NSU, lena n-áirítear;

- SCERTS (Cumarsáid Shóisialta, Rialú Mothúchánach agus Tacaíocht Idirthréimhseach).

- TEACCH (Oiliúint agus Oideachas Páistí agus Daoine Fásta ar a bhfuil Uathachas agus Míchumas Bainteach Cumarsáide).
- Iompraíocht Dhearfach sa Seomra Ranga a Chur Chun Cinn, lena n-áirítear prionsabail na hanailíse feidhmithe iompraíochta m.sh. Oiliúint IABA (International Applied Behaviour Analysis).

Oiliúint Scileanna Sóisialta, lena n-áirítear oiliúint ó;

- Foirne Comhairleacha NSU na ELBanna.

Ní ar aois ná ar leibhéal inniúlachta ná ar shuíomh scoile ar leith atá na cúrsaí oiliúna seo dírithe go sainiúil (mura dtugann an teideal eolas sainiúil). Is féidir na prionsabail a fhoghlaimítear a chuir in oiriúint le freastal ar riachtanais daltaí aonair.

Suíomhanna Idirlín Úsáideacha do Scoileanna

Treoir Dea-Chleachtais

- www.deni.gov.uk Suíomh Idirlín na Roinne Oideachais i dTuaisceart Éireann ónar féidir cuid mhór de na leabhráin agus na hacmhainní a íoslódáil.
- <http://nationalstrategies.standards.dcsf.gov.uk/node/165037> - DVD saor in aisce Clár Forbartha Cuimsiúcháin Bunscolaíochta agus Iar-bhunscolaíochta – Ag tacú le daltaí ar Speictream NSU.
- http://www.rcslt.org/speech_and_language_therapy/commissioning/resource_manual_for_commissioning_and_planning_services Suíomh Idirlín Choláiste Ríoga Teiripe Urlabhra agus Teanga a thugann eolas úsáideach ar NSU agus moltaí cuidiúla creatlaigh le hacmhainní a choimisiúnu agus a phleanáil.
- www.learningni.org Suíomh Idirlín *LearningNI*

Acmhainní Amhairc

- <http://www.twinkl.co.uk> Suíomh Idirlín *Twinkl* – acmhainní teagaisc Luath-Óige agus EC1.
- <http://www.topmarks.co.uk> Suíomh Idirlín *Topmarks* – Acmhainní teagaisc, acmhainní idirghníomhacha lena n-áirítear Nasc Sainriachtanais.
- http://directories.phillipmartin.info/home_school.htm *Clipart* saor in aisce de chuid Phillip Martin le húsáid sa seomra ranga.
- <http://www.ASDeducationtrust.org.uk/resources/tools%20for%20teachers.aspx> Uirlisí múinteora de chuid Iontaobhas Oideachais NSU ina bhfuil samplaí cuimsitheacha d'acmhainní amhairc.

Scéalta Sóisialta

- www.thegraycenter.org – acmhainní scéalta sóisialta le Carol Gray
- <http://www.kansasasd.com/node/9> scéalta sóisialta do shain-aoisghrúpaí agus do shainréimsi suime
- http://www.ehow.com/how_4479088_write-social-stories-children-ASD.html – An dóigh le scéal sóisialta a scríobh
- www.sandbox-learning.com Tá *Sandbox Learning* tiomanta do scéalta greannmhara, suimiúla a fhorbairt a chuidíonn leo sin ar a bhfuil NSU. Is féidir ábhair a cheannach ar líne.

Scileanna Cumarsáide agus Sóisialta

- <http://www.cccoe.net/social/skillslist.htm> Pleananna Ceachta le scileanna sóisialta a theagasc, acmhainní sainiúla NSU
- <http://www.do2learn.com> Do2Learn - Cluichí, amhráin, cártaí cumarsáide, acmhainní clóite agus eolas ar shainriachtanais
- www.communication4all.co.uk Acmhainní Cumarsáide. Acmhainní seomra ranga le tacú le páistí ar a bhfuil SEN. Tá réimse leathan d'ábhair chlóite agus idirghníomhacha a thugann tacaíocht i gcuid mhór réimsí curaclaim.
- www.speechmark.net – Acmhainní Urlabhra agus Teanga *Speech Mark*
- www.senteacher.org – Cairteacha iompraíochta, teastais, cártaí mothúchán do Mhúinteoir SRO

Eagrais Dheonacha

- www.nas.org.uk Cumann Náisiúnta an Uathachais/National Autistic Society – “Is muidne **príomhchumann carthanachta na RA** do dhaoine a bhfuil NSU orthu (lena n-áirítear Siondróm Asperger) agus dá muintir. Soláthraímid **eolas, tacaíocht** agus seirbhísí ceannródaíochta, agus **feachtas i gcomhair saol níos fearr do dhaoine ar a bhfuil NSU**”
- www.ASD.ie Cumann NSU na hÉireann
- www.ASDni.org NSU NI - féachann lena chinntiú go mbíonn fáil ag daoine a bhfuil NSU orthu agus ag a gcúramóirí ar na seirbhísí cuí lena chur ar a gcumas bheith ina mbaill de phobal a bhfuil meas aige orthu.
- <http://www.ASDeducationtrust.org.uk> Tá lontaobhas Oideachais NSU (AET) tiomanta do thacaíocht oideachais do gach páiste ar speictream an uathachais a chomheagrú agus a fheabhsú. Tá roinnt acmhainní ar an suíomh do dhaltaí agus do mhúinteoirí araon, lena n-áirítear: uirlisí do mhúinteoirí a thacaíonn le daltaí ar a bhfuil NSU.

Ard-Topaicí a Bhaineann le Neamhord Speictream an Uathachais

Tá gach páiste agus duine óg difriúil lena chéile agus bíonn buanna agus riachtanais dhifriúla acu le linn a saoil. Is minic tionchar ag tosca seachtracha ar a bhfolláine. Tagann cuid acu go mór faoi anáil daoine eile a mbreathnaíonn siad orthu mar chairde ach atá, dáiríre, ag teacht i dtír ar a leochaileacht. Bíonn tionchar fosta ag tosca inmheánacha ar a bhforbairt agus dul chun cinn. Is iondúil go mothaíonn daltaí meadú ar a n-imní agus/nó feasacht faoina dhifriúla atá siad nuair a thagann caitheachas. Lena chois sin, léiríonn líon daltaí atá ag méadú réimse casta de bhuanna agus de dhúshláin. D'fhéadfadh páistí agus daoine óga diagnóis a bheith acu a bhaineann le NSU agus roinnt eile riochtaí amhail Neamhord Hipirghníomhaíochta Easpa Airde (ADHD) nó

Neamhord Greannach Freasúraíoch (ODD). D'fhéadfadh teicníochtaí breise agus cógais bhreise idirghabhála a bheith de dhíth le tabhairt faoi na saincheisteanna seo. Is é an chomhairle a thugann Kutscher (2007) nuair a léiríonn páiste comhdiagnóisí agus NSU go gcuirimid mionnaithe mhaith ar an pháiste le hidirghabhálacha cuí a chur in oiriúint dó/di bunaithe ar a gcuid buanna agus le freastal ar a gcuid riachtanas. Cuid mhór de na straitéisí atá úsáideach i gcás páistí agus daoine óga a bhfuil NSU orthu, tá siad úsáideach leis dóibh sin ar a bhfuil NSU agus riochtaí eile atá orthu san am céanna mar a léirítear sna cás-staidéir agus sa tábla thíos.

Tagairt

Kutscher M. *Kids in the Syndrome Mix* C. agus Hesmondhalgh. (2005). Londain: Foilsitheoirí Jessica Kingsley.

Is é seo a leanas cur síos ar pháiste bunscoile agus duine óg iar-bhunscoile a bhfuil dúshláin chasta acu. Tugtar pointí dea-chleachtais.

Cás–staidéar Bunscolaíochta

Cáit

Tá Cáit ocht mbliana d'aois agus ar scoil phríomhshrutha le 25 dalta eile, beirt chúntóirí ranga agus múinteoir. Rinneadh diagnóis NSU agus neamhord hipirghníomhaíochta easpa airde ar Cháit. Is aoibhinn le Cait pictiúir a tharraingt agus obair le hábhair ealaíne le mionsamhlacha de dhroichid a chruthú agus tá tugtha le fios aici gur mhaith léi bheith ina hailtire.

Tá dlúthchara amháin ag Cáit a mbíonn sí i dteagmhail léi taobh amuigh den scoil, táthar ag rá, áfach, le tamall anuas 'nach bhfuil a dhath ar a haird' ach an páiste seo. Tá tugtha faoi deara ag an mhúinteoir gur mian le Cáit a cuid ama ar fad a chaitheamh leis an chara agus tá iarrtha ag a máthair go suífeadh Cáit áit éigin eile. Bíonn sé deacair ag Cáit cairdis eile a bhunú agus a choinneáil óir is maith léi bheith i gceannas agus nuair a aithníonn páistí eile seo ní bhíonn siad páirteach a thuilleadh sa ghníomhaíocht agus, in amanna, bíonn siad ag spochadh as Cáit. Mothaíonn múinteoir agus tuismitheoirí Cháit go bhfuil sé seo ag cur as dá féinmheas a oiread sin go bhfuil an chuma uirthi gur lú an iarracht a dhéanann sí bheith páirteach in idirghníomhaíocht dhearfach shóisialta agus go mbíonn sí ag caitheamh cathaoireacha thart, ag iarraidh páistí eile a bhualadh agus ag cur isteach ar an rang go ginearálta. Cuireann sé seo le timthriall na hiompraíochta deacra, na hiomarduithe agus cuireann bac ar dul chun cinn acadúil.

Tá deis mhaith a labhartha ag Cáit agus tig léi páirt a ghlacadh i bplé grúpa, go háirithe nuair a bhíonn said bunaithe ar a sainréimsí suime féin. Is iondúil go dtarraingíonn sí an t-ábhar comhrá ar a sainréimsí suime féin (foirgnimh, ealaín, droichid) agus ní thagann sí chun réitigh go maith le cur isteach ar bith le linn na gcomhráite/monalóg seo.

Is doiligh le Cáit fanacht ina suí ar feadh tréimhsí níos faide ná trí nóiméad agus ní thig léi cloí leis an tasc atá idir lámha nuair a bhíonn ábhair nach bhfuil mórán suime aici iontu á dteagasc.

Thug an múineoir iarraidh rialacha cuí cairdis a theagasc do Cháit agus a scileanna comhrá a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí am ciorcail ach is doiligh le

Cáit fanacht lena seal, cuireann sí isteach ar chaint daoine eile agus imíonn sí léi ina rith, rud a fhágann go gcaithfear na seisiúin seo a chur ar ceal.

Le linn tascanna scríbhneoireachta, is doiligh le Cáit a cuid smaointe a chur i dtoll a chéile le píosa intuigthe oibre a scríobh. Frustrachas is toradh dó seo agus caitear leabhair ar pháistí eile agus ar an mhúinteoir.

D'ainneoin í a bheith sa ghrúpa uachtair acadúil ina rang, níl ag éirí léi cionn is nach dtig léi srian a choinneáil ar a cuid taghdanna.

Pointí Dea-Chleachtais

- D'fhéadfadh Cáit freagairt go maith d'amchlár amhairc le cuidiú léi fanacht i gceann an taise ach sosanna sceidealaithe luaile a bheith aici idir gníomhaíochta is ansa agus nach ansa léi lena chinntiú go mbíonn a leibhéal suime go hard. Tabharfaidh sé seo faoina próifíl NSU agus ADHD.
- Caithfear scileanna cairdis a theagasc go sainiúil do Cháit i ngrúpa beag. Ba chóir go dtosódh sé seo le Cáit ag obair i gcuideachta cúntóir ranga nó múinteora, roimh obair i gcuideachta cairde ranga atá socair ó thaobh na mothúchán de. Ba chóir do mhúinteoirí a machnamh a dhéanamh ar réimse seifteanna a úsáid, lena n-áirítear rólghlacadh agus múnláí amhairc lena haird a thuilleamh.
- Córas cairde ('buddy') a chruthú agus piara réamhshannta ag Cáit a dtig léi cuidiú a iarraidh air/uirthi. Is den tábhacht an fhreagracht seo a uainiú tríd an rang.
- PDMU a úsáid le dul i ngleic le spochadh agus le bulaíocht taobh istigh den rang ina iomláine le heiteas bunaithe ar an mheas a dhaingniú.
- Áit chiúin oibre a chur ar fáil mar a dtig le Cáit dul, áit atá saor ó chur isteach ar shiúl ó áiteanna gnóthacha, fuinneoga agus doirse san áireamh.
- An dóigh le fráma scríbhneoireachta a úsáid lena cuid smaointe a eagrú a theagasc do Cháit agus cead a thabhairt di a cuid oibre a chur i láthair ar dhóigheanna difriúla, PowerPoint, grianghraif agus fiseáin san áireamh.

Cás Staidéar Ghaelscoile

Speictrum an Uathachais

Cad é a dhéanann muid?

4 sheachtain de nótaí a choinneál sa rang / ag breathnú ar an pháiste.

Cruinniú néamh-fhoirmiúlta leis an tuiste chun dearcadh s'acu a fháil / an páiste a phlé leo.

Teagmháil a dhéanamh le Caroline Ó Hara.

Seicliosta a úsáid mar phoite eolais ag an tús chun pictiúr iomlán den pháiste a fháil.

Páiste a phlé leis an siceolaí.

Cruinniú leis an tuiste chun an pháiste a chur ar IEP / liosta RBO. Fillteán RSO a úsáid / seicliosta a úsáid / moltaí ón siceolaí a ghlacadh ar bhord / tuairim an tuiste a ghlacadh ar bhord.

Spricanna réadúil a shocrú don pháiste atá ag fóirstean don pháiste.

Páiste a chur an eolas faoin IEP ar leibhéal s'acu féin – spricanna.

Foireann atá ag obair leis an pháiste a chur ar an eolas faoin IEP / spricanna.

Monatóireacht a dhéanamh ar an pháiste agus an dul chun cinn atá déanta.

I ndiaidh 2 IEP a dhéanamh agus nótaí a choinneáil téann muid i dteagmháil leis an siceolaí arís agus má's féidir cuireann muid an páiste faoi mheasúnú.

Cén dóigh an aithníonn muid na páistí?

Éistean muid le gach duine a mbíonn ag obair leis an pháiste.

Éistean muid le tuairimí na dtuistí.

Déanann muid monatóireacht rialta ar gach páiste.

Baineann muid úsáid as seicliostaí éagsúla.

Déanann muid INCAs i dtéarma an fhómhair.

Déanann muid MIST i Mí Feabhra i Rang 2.

Déanann muid AUanna i Mí na Márta i Rang 4 agus Rang 7.

Déanann muid scrudaithe ag deireadh na bliana: Nfer Maths, Nfer Mental Maths, Progress in English, Suffolk Reading, Single Word Spelling Test, NRIT (Rang 4 agus Rang 6)

Bíonn cruinnithe rialta againn leis na tuistí.

Cén dóigh an bhfuil a fhios againn go bhfuil na straitéisí ag obair?

Déanann muid monatóireacht ar na spriocanna go rialta.

Buaileann muid leis an pháiste agus leis na tuistí.

Athraíonn muid na rudaí a dhéanann muid go rialta muna n-oibríonn siad go dtí go bhfaigheann muid rud éigin atá ag fóirstean don pháiste.

Baineann muid úsáid as "visual aids" sa rang agus thart ar an scoil.

Coinníonn muid dialann idir an scoil agus an baile chun muid a choinneál ar an eolas faoi gach rud atá ag tarlú i saol an pháiste.

Cás–Staidéar Iar–Bhunscolaíochta

Gearóid

Tá Gearóid 15 bliana d'aois agus rinneadh diagnóis NSU agus ODD air. Tá sé inniúil acadúil ach creideann na múinteoirí go dtéann a chuid rachtanna mí-iompair i bhfeidhm ar a fheidhmíocht acadúil ina hiomláine. Is minic Gearóid ag argóint, go háirithe lena mhúinteoir Fraincise agus a mhúinteoir Eolaíochta faoi ghnéithe gramadaí nó fíriciúla atá, dar leis féin, míchruinn. Tá roinnt cairde, áfach, ag Gearóid agus go ginearálta baineann múinteoirí sult as é a bheith sa rang leo d'ainneoin na ndúshlán a bhaineann leis, óir bíonn léargas iontach suimiúil aige ar ghnáthimeachtaí an lae. Bíonn an ceart aige de ghnáth agus is díol spéise i gcónaí é. Tá roinnt topaicí a bhfuil suim ar leith aige iontu, lena n-áirítear sraitheanna peile agus amchláir traenacha.

Tá Gearóid iontach dílis dá chairde ach ar na mallaibh ta cuid acu ag breith buntáiste ar a chlaonadh chun argóna agus bíonn siad á ghriogadh chun coimhlinte le múinteoirí, óir cuireann sé an rang chun sioparnaí. D'iarr a thuismitheoirí ar an scoil an cás a réiteach.

Tá sé ag éirí níos eisdírithí agus ag léiriú céadfacht mhéadaithe maidir le timpeallacht na scoile, mar shampla bíonn sé ag síorscairteadh amach gan fáth ag tús an ranga, ag gabháil do fhrásaí fánacha ar nós 'cuir as é' nó línte as scannáin reatha. Deir sé go mbíonn na soilse ag cur as dó as siocair iad bheith ag spréacharnach agus rógheal.

Tá sé ag tosú a chur in éadan treorach i ranganna áirithe, mar shampla sna ranganna corpoideachais diúltaíonn Gearóid bheith páirteach agus an tseachtain seo a chuaigh thart bhagair sé ar an mhúinteoir corpoideachais agus dúirt go ndéanfadh sé dochar dó féin dá gcuirfí air páirt a ghlacadh.

Deir sé go gcuireann an scoil tinneas air agus nach dtig leis plé leis na páistí eile ina rang; agus bhrúigh se buachaill eile sa droim an tseachtain seo a chuaigh thart as bualadh ina éadan sa dorchla. Ní mó ná go dtig leis smacht a choinneáil air féin agus ní fada go dtarraingeoidh sé trioblóid mhór air féin.

Chonaic a mhúinteoir eolaíochta é ag caint leis féin agus tá imní uirthi go gcluineann sé guthanna nach bhfuil ann.

Thuairiscigh a mháthair gur minice a chuireann sé ina héadan sa bhaile agus gur tháinig sí air faoi thocht a leapa an tseachtain seo a chuaigh thart nuair ba chóir dó eirí le dul chun na scoile.

Pointí Dea-Chleachtais

- D'fhéadfadh múinteoirí agus tuismitheoirí a ndícheall a dhéanamh gan dul a argóint le Gearóid agus iarracht a dhéanamh a aird a athdhíriú ar an iomad réimsí suime atá aige.
- An méid atá á rá ag Gearóid agus an chuma air gur ag caint leis féin atá sé a sheiceáil, d'fhéadfaí gur teicníc féinrialaithe atá i gceist ach déantar machnamh ar atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Meabhrach do Pháistí agus d'Ogánaigh (CAMHS) má bhíonn an-ábhar imní ort.
- Le cur lena ghrúpa cairde, thiocfadh leis an scoil a machnamh a dhéanamh ar phiarmheantóireacht le daltaí a bheadh ina ndea-eiseamláirí ag Gearóid.
- Labhairt le tuismitheoirí Ghearóid agus le Gearóid féin faoi na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann lena chuid diagnóisí a roinnt lena chuid píaraí. D'fhéadfadh sé seo cuidiú leo glacadh leis agus tuiscint níos fearr a bheith acu air.
- Smaoineamh ar ghrúpaí féinabhcóideachta le go bhfoghlaimeoidh Gearóid faoi iompraíocht chuí agus faoin dóigh le plé le daoine eile.
- Cead a fháil ó tuismitheoirí Ghearóid físeán a dhéanamh de ag scairteadh amach agus é a sheinm dó. In amanna, ní bhíonn a fhios ag daltaí an tionchar atá ag a n-iompraíocht ar dhaoine eile agus faigheann siad léargas air sin má fheiceann siad a n-iompraíocht féin.
- Rialacha scríofa a chur ar fáil i bhfoirm dhearfach. Scríobh roinnt pointí faoi iompraíocht atá níos fóirsteanaí mar shampla, 'cogarnach, le do thoil' seachas 'ná bí ag scairteadh'.

- Tabhair réamhfhógra do Ghearóid faoina mbeidh ag titim amach sa rang corpoideachais. Cinntigh go mbeidh gníomhaíocht ar leith aige le dul i glic léi nó déanadh sé gníomhaíocht in éineacht leis an chuid eile den rang ach go mbeidh sé i gcuideachta an mhúinteora nó dalta thuisceanaigh.
- Smaoineamh ar Ghearóid 'éirí as' corpoideachas más ag dul in olcas atá an fhadhb. An cheist a athmheas go rialta.
- Má tá sé ag diúltú teacht chun na scoile, smaoineamh ar amchlár laghdaithe ar feadh tamall gairid. Ba chóir an socrú seo a athbheithniú go rialta.
- Soilse an tseomra ranga a chur as nó suíochán Ghearóid a bhogadh sa dóigh nach mbeidh sé ina shuí in aice leis na soilse.
- Dóigheanna nach bhfuil chomh hantaisceach le héirí as gníomhaíochtaí an ranga a theagasc do Ghearóid. Úsáid cárta 'cead imeacht ón rang' mar shampla.

Straitéisí Idirghabhála do Pháistí agus do Dhaoine Óga a bhfuil Comh-dhiagnóisí Reatha acu

NSU agus ODD

Is minic deacracht ag páistí ar a bhfuil NSU agus ODD fios a bheith acu cad é an chuma atá orthu i súile daoine eile agus, mar thoradh air sin, ní fheiceann siad iad féin mar dhaoine a bhíonn ag argóint nó a bhíonn ciotach. Cuireann siad an locht ar dhaoine eile as na fadhbanna atá acu. Go minic bíonn na páistí seo ar thóir na foirfeachta agus ciall sceamhach acu don rud is iompraíocht chuí ann, dar leo.

Is minic a chuireann páistí ar a bhfuil NSU agus ODD tús le hargóint agus ní éiríonn siad as. Bíonn sé fíorthábhachtach ag an pháiste an argóint a bhuachan - níos tábhachtaí ná ábhar na hargóna féin. Is cuma leo go mbíonn a fhios acu go ngearrtar piónós orthu as leanúint den taghd nó den argóint óir bíonn sé doiligh acu deireadh a chur leis an choimhlínt. Is minic gur in olcas a théann cúrsaí má dhéantar iarracht bheith réasúnta leis an pháiste seo óir dearcann an páiste ar phlé réasúnach mar leanúint den argóint. Is ar an ábhar seo atá sé tábhachtach gan dul i gceann na hargóna agus an fhéidearthacht go dtiocfaidh coimhlínt chun cinn a sheachaint trí theacht roimh na cásanna inar dócha tús a chur le hargóint.

Is de chroí an scéil gan an rud a deir an páiste a ghlacadh go pearsanta. Is siomptóm den neamhord í an iompraíocht choimhlinteach, seachas ionsaí peasanta.

Is féidir deacracht bheith ag baint le húsáid iarmhairtí éifeachtúla don pháiste choimhlinteach óir cuireann sé deis coimhlinte amháin eile ar fáil inar dócha go gcaillfidh tú.

Caithfidh rialacha agus iarmhairtí bheith soiléir agus scríofa don pháiste chomh maith leis an mhúinteoir sula dtarlaíonn an choimhlínt.

Bíodh a fhios gur dócha tionchar diúltach a bheith ag síorchoimhlínt ar fhéinmheas an pháiste. Mar sin de, ba chóir do bhaill foirne a chinntiú go mbíonn go leor deiseanna ann don pháiste dul i gceann gníomhaíochtaí cuí.

Tabhair duais nó moladh as gach sampla d'iompraíocht chomhoibrithe.

Ná tosaigh a argóint le páistí agus cuir in iúl nach rachfar i gceann léiriú coimhlinte.

Is minic réimse d'iompraíocht dhúshlánach i gceist i dtaca le ODD de agus is fút a bheidh an cinneadh cén iompraíocht a ndíreofar uirthi maidir le hidirghabháil agus cén iompraíocht a ndéanfar neamhiontas di.

<p>NSU agus ADHD</p> <p>Tá cosúlachtaí idir NSU agus ADHD sa mhéid go mbíonn deacrachtaí ag baint le feidhmiúchán, seal a ghlacadh agus barraíocht cainte agus cur isteach (Ozonoff, 2008). Bíonn hipirghníomhaíocht ag cur as do pháistí agus daoine óga ar a bhfuil ADHD, ach seans nach mbeadh sé ar pháiste a ndearnadh diagnóis NSU air/uirthi.</p>	<p>Malartaigh idir gníomhaíochtaí agus iad ina suí, leo siúd a bhaineann le gluaiseacht ionas go mbíonn cuid mhór deiseanna ag an pháiste bheith ag bogadh i rith an lae.</p> <p>Nuair is cuí, tabhair freagrachtaí ar leith don pháiste thart ar an scoil, mar shampla, ábhar a dháileadh nó teachtaireachtaí a thabhairt.</p> <p>Tabhair liathróid struis, bréagán beag nó réad eile don pháiste lena fháisceadh nó le súgradh leis faoi choim ag a s(h)uíochán.</p> <p>Úsáid néamónaic le cuimhne a fheabhsú.</p> <p>D'fhéadfadh sosanna rialta gluaiseachta bheith de dhíth ar pháistí le linn oibre a dhéantar gan chorraí.</p> <p>Úsáid sceideal simplí ionas go dtuigeann an páiste eolas suntasach gan barraíocht a chur ina láthair.</p> <p>Athraigh duaiseanna go rialta. Éiríonn páistí ar a bhfuil ADD/ADHD dubh dóite leis na duaiseanna céanna.</p> <p>Déan iarracht úsáid a bhaint as pribhléidí, as moladh nó as gníomhaíochtaí mar dhuaiseanna seachas bia.</p> <p>D'fhéadfaí "am eadrána" a áireamh idir am sosa agus an chéad cheacht eile ina mbeadh clár suaimhnithe sa dóigh go dtig leis an pháiste aistriú go réidh idir gníomhaíochtaí ina bhfuil gluaiseacht agus corraí agus iad siúd nach bhfuil.</p> <p>Úsáid rólghlacadh le dóigheanna chun plé le tallanna a theagasc don pháiste.</p> <p>Oibríonn pleananna, spriocanna agus conarthaí go maith. Tig le cur i gcúimhne i bhfoirm amhairc difear an domhain a dhéanamh.</p> <p>Tabhair poist thábhachtacha don pháiste taobh istigh den seomra ranga nó den scoil, de réir mar is cuí, le féinmheas a ardú.</p> <p>Déan iarracht gan na páistí a chur ina suí in áiteanna ina mbíonn siúl a lán daoine m.sh. in aice le fuinneoga agus doirse mar ar dócha a n-aird a bhaint dá gcuid oibre.</p>
--	---

NSU agus ADHD	<p>Bíodh áiteanna ar leith ann do gach cineál ábhair (pócaí peann luaidhe, lipéid i leabhair nótaí, srl.) leis an am a chaitear ag cuardach rudaí a íoslaghú agus le tabhairt faoi cheisteanna eagrúcháin.</p> <p>Déan iarracht conarthaí teagmhasacha a úsáid, nuair a spreagtar baill foirne agus páistí le bheith ag obair as lámha a chéile le rialacha, straitéisí féinbhainistíochta agus duaiseanna a bhunú.</p> <p>Laghdaigh a mhínic a bhíonn scrúdaithe amaithe ar siúl nó cuir deireadh ar fad leo. Maidir le scrúdaithe amaithe, thioctadh dó nach gcuirfeadh siad ar chumas páistí a bhfuil ADHD orthu an méid atá ar eolas acu dáiríre a léiriú as siocair iad a bheith gafa leis an mhéid ama atá á chaitheamh.</p> <p>Úsáid cláir teicneolaíochta cúnata le cuidiú le daltaí a gcuid smaointe a eagrú agus iad ag gabháil do fhiosaí fada oibre.</p>
---------------	--

NSU agus a Thionchar ar Iompraíocht

Deacrachtaí le Cumarsáid Shóisialta	
Deacracht le níos mó ná treoir amháin a chomhlíonadh ag am amháin.	Tabhair treoracha ina gceann agus ina gceann go díreach do pháiste nó duine óg nó scríobh i bhfoirm liosta iad.
An chuma orthu nach bhfuil siad ag éisteacht leat óir níl siad ag amharc ort	Ná bíodh teagmháil súl riachtanach – cuireann sí as go mór do mhórán páistí agus daoine óga ar a bhfuil NSU. Cinntigh gur tuigeadh na treoracha.
An chuma orthu gur thug siad freagra giorraisc – gan fiacail a chur sa scéal	Is fearr a thuiscint nach dímhúineadh é a mbéas giorraisc – níos mínice ná a chéile níl ann ach an doigh a ndeir siad an fhírinne. Úsáid scéalta sóisialta le dóigheanna cumarsáide eile a mhíniú.
Insíonn siad an fhírinne de ghnáth – beag beann ar mhothúcháin daoine eile	Ná cuireadh an t-ionracas as duit. Úsáid scéalta sóisialta le dóigheanna cumarsáide eile a mhíniú.
D'fhéadfadh siad ceisteanna mí-oiriúnacha a chur	Abair leo, gan fiacail a chur ann go bhfuil an cheist mí-oiriúnach agus go bpléifear léi amach anseo. Mínigh faoi cheisteanna mí-oiriúnacha i ranganna PSD.
D'fhéadfadh siad cur suas do pháirt a ghlacadh i ngníomhaíocht éigin ach deacracht acu a mhíniú cad chuige Tig leo druidim síos – diúltú labhairt/ ceisteanna a fhreagairt/ amharc ort	Maidir le druidim síos nó diúltú páirt a ghlacadh – déan neamhiontas agus bíodh foighne agat! Labhair faoi ar ball agus déan iarracht a fháil amach cad é an fhadhb – seans gur mionrud atá i gceist nó, b'fhéidir, ceist chéadfach nó dalta nach mothaíonn go maith.
I gcónaí ag iarraidh na freagraí a thabhairt	Mínigh scileanna glactha sealanna (ar bhonn amhairc). Déan riail faoi cheisteanna a fhreagairt – 1 as 5 nó in ord thart ar an rang?
Deacrachtaí le hidirghníomhú sóisialta	
Is mian leo bheith i gceannas ar ghrúpa	Mínigh scileanna glactha sealanna (ar bhonn amhairc). Déan cinnte go mbíonn seal mar cheannasaí grúpa ag gach duine ar mian leo é.
Ciall láidir den cheartas/ cothromaíocht a bheith acu	Bí chomh cothrom agus is féidir. Úsáid scéalta sóisialta, stiallcartún (Carol Gray) le dearcadh daoine eile a mhíniú.
Ní thógann siad leideanna sóisialta	Úsáid rólghlacadh/grúpaí cairdis le leideanna sóisialta a thógáil.

Ní chothaíonn siad cairdeas go réidh, b'fhéidir nach bhfuil cairde de dhíth orthu, ní thig leo cairde a choinneáil	DSI / PSP / clubanna ríomhaireachta le cairdeas a chothú. Spreag tuismitheoirí le bheith onnghníomhach. Úsáid scealta sóisialta agus ábhair PSD leis an dóigh le bheith i do chara agus an dóigh le cairdeas a dhaingniú a theagasc do dhaltáí.
Deacrachtaí le Samhlaíocht Shóisialta (réimse teoranta gníomhaíochtaí, iompraíochta agus réimsí suime)	
Go mór i bhfáth le hobair a chur i gcrích	Cleacht stop a chur leis an obair agus gníomhaíocht eile a dhéanamh agus ansin filleadh ar an obair. Bíodh áit ar leith ar fáil d'obair nár cuireadh i gcrích.
Doiligh acu eolas a choinneáil – m.sh. fadhbanna leis na táblaí	Is foghlaimeoirí amhaire bunús na ndaltaí a bhfuil NSU orthu agus d'fhéadfadh sreabhchairt nó léaráid cuidiú leo cuimhne níos fearr a bheith acu ar nithe.
B'fhéidir nach ngnóthódh siad go maith sna scrúduithe	Ba chóir go dtosódh athbhreithniú le haghaidh na scrúduithe go luath – de ghnáth bheadh cuidiú tuismitheoirí de dhíth. Cleachtadh faoi dhálaí scrúduithe m.sh. am ceadaithe, ag obair leis an mhéid cuidithe is lú agus is féidir. D'fhéadfaí lamháltas scrúduithe a cheadú.
Gan scileanna eagrúcháin a bheith acu	Amchláir nó sceidil – códaithe de réir datha nó le pictiúir. Cuir abhaile iad fosta! Sceidil laethúla pacála mála. Leabhar baile/scoile – gach litir, nóta tráchtta agus cur i gcuimhne. Tráidirí oibre ó chlé go deas. Fillteáin Sipe faoi choinne bileoga aonair. Obair baile tugtha ag tús an ranga/ lae/ seachtaine. Cód dathanna d'ábhair aonair.
Ní maith leo athrú gnáis	Tabhair réamhfhógra faoi athruithe a bhfuil a fhios agat iad a bheith ar an bhealach – scríobh iad thuas in aice leis an amchlár. Bíodh straitéis agat faoi choinne athrú a thagann gan coinne ar nós cárta amhaire a leiríonn go dtabharfar tacaíocht dó/di le linn an athraithe. Bí réidh faoi choinne druil dóiteáin, cleachtadh Dhráma na Nollag agus athruithe eile.
Is gá fios a bheith acu cén chead rud eile a tharlóidh	Úsáid coincheap amhaire ar nós 'i dtosach agus ansin'. Spreag iad le hamchláir a úsáid.

Déanann siad iarracht a réimse suime féin a thabhairt isteach i ngach gníomhaíocht	Ceadaigh roinnt nóiméad dóibh le hinsint duit faoina réimse suime – déan 'riail' de. Úsáid a gcuid réimsí suime mar spreagthach oibre.
Is maith leo rudaí a dhéanamh ar a ndóigh féin	Úsáid scéalta sóisialta, stiallchartúin le dearcadh daoine eile a mhíniú. Teagasc don pháiste nó duine óg smaoineamh ar dhóigh le bheith níos solúbtha. (féach an pointe faoi athrú teagaisc).
Tig leo bheith iontach diúltach	Tabhair dúshlán an diúltachais. Cuir orthu liosta de na gníomhaíochtaí 'is lú uafás' a scríobh. Tarraing isteach spreagthaigh. Úsáid Leabhar/ Cairteacha Gnóthachtála le dul chun cinn a léiriú
Bionn an-imní orthu/ tagann na deora go réidh	Léirigh comhbhá leo/tóg cian díobh/ b'fhéidir gur chuidiú iad cleachtaí anáilthe/ éist leo ag caint ar na nithe a chuireann eagla orthu agus labhair fúthu/b'fhéidir go mbeadh comhairleoireacht ina cuidiú. Ba chóir go gcuideodh na straitéisí a mholtar san acmhainn seo le daltaí gan bheith chomh himníoch sin.
Tig leo éirí trína chéile/ trodach má thagann frustrachas orthu nó mura dtuigeann siad cad é atá le déanamh nó má mhothaíonn siad go bhfuil an obair ródhóiligh.	Déan iarracht frustrachas/trodachas a chosc trí na comharthaí a aithint m.sh. lámh á croitheadh / tarraingt gruaige (bíodh aithne ar an dalta agat!). Cinntigh go bhfuil a fhios acu cad é atá le déanamh agus an dóigh lena dhéanamh. Cuidigh leo tús a chur leis an tasc. Teagasc dóibh an dóigh lena mothúcháin a aithint agus féinrialú a dhéanamh orthu. Amharc an sampla seo a leanas.
D'fhéadfadh siad imeacht leo	Féach le sábháilteacht an dalta a chinntiú. Úsáid 'Cárta Éigeandála'/ córas soilse tráchta/ cairteacha roghanna/ réaltaí i leabhar Baile/Scoile / cártaí rabhaidh nó spreagthaigh/ scéalta sóisialta.
B'fhéidir go gcaillfeadh siad smacht iomlán, ó bhéal nó go fisiciúil/ taghd teacht orthu	Úsáid Coirnéal Ciúin/Seomra Suaimhnithe – ná cuir tús le coimhlint agus ná déan iarracht plé leis an cheist go dtí go mbeidh an dalta socair – fiafraigh díobh an bhfuil siad réidh – beidh a fhios acu féin.
D'fhéadfadh siad obair a scriosadh	Bí réidh le leathán glan a thabhairt le tosú arís – in amanna ní leor a chuimilt amach. B'fhéidir gur ghá an drochleathanach a bhaint! Úsáid mionchlár bán mór dhréacht nua.
Is mian leo gach rud bheith ceart/néata	Ceadaigh am le dréachtaí a scríobh. D'fhéadfaí cleachtadh ar mhionchlár bán roimh an chóip dheiridh a scríobh. Tabhair isteach scéalta sóisialta a bhaineann le meancóga bheith inghlactha.

Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin



Bunaíodh Ionad Uathachais Choillidh Chanannáin (MCA) atá suite i gContae Ard Mhacha, i Márta 2007 agus is iad An Roinn Oideachais (RO), Tuaisceart Éireann agus an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), Poblacht na hÉireann a chomhchistíonn é. Is é feidhm an Ionaid tacú le cur chun cinn an scothchleachtais maidir le forbairt agus comhordú seirbhísí oideachais do pháistí agus do dhaoine óga ar a bhfuil Neamhoird Speictream NSU (NSU).

Seirbhísí an Ionaid

Faoi choimirce sheirbhísí Thaighde agus Fhorbartha an Ionaid, táimid ag soláthar faoi láthair, seirbhís comhairle agus treorach, seirbhís taighde agus clár oiliúna do thuismitheoirí agus do lucht na gairme.

Tá seirbhís comhairle agus treorach ar fáil do pháistí agus daoine óga a mbíonn deacrachtaí acu ina láthair oideachais d'ainneoin ionchur speisialtóireachta.

Tá an tlonad ag obair go dian i láthair na huair le trí théarma anuas (ag brath ar riachtanais) ar shamhail thrasdisciplíneach, agus ar fhorbairt acmhainne i scoileanna agus i mbailte Thuaisceart Éireann.

Soláthraíonn an tlonad clár leathan oiliúna ar fud Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann ar bhonn bliantúil ó Dheireadh Fómhair go Meitheamh do lucht na gairme. Tá amanna éagsúla oiliúna ar fáil lena n-áirítear imeachtaí deireadh seachtaine, seisiúin go mall tráthnóna agus cúrsaí iomlán lae le linn téarmaí scoile. Tabhair cuairt ar shuíomh idirlín an Ionaid le haghaidh mionsonraí ar oiliúint eile atá beartaithe.

Tairgeann an tlonad clár áitiúla oiliúna do thuismitheoirí i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann. Tig le múinteoirí tuismitheoirí a threorú chuig an suíomh idirlín nó go díreach chuig an Ionad le tuilleadh eolais a fháil.

Óstaíonn an tlonad mórimeachtaí oiliúna ar dheirí seachtaine ó cheann ceann na bliana do thuismitheoirí agus do lucht na gairme. Bíonn an-ráchairt orthu agus bíonn siad breá éifeachtúil. Is é seo a leanas sampla de mhórimeacht oiliúna deireadh seachtaine. 'Attention NSU' an teideal bhí air agus ba í Gina Davies, sainteiriipeoir Urlabhra agus Teanga ag a bhfuil taithí 25 bliain a sholáthair. Tairgeann sí smaointe nuálacha ar scileanna airde agus cumarsáide páistí agus daoine óga ar a bhfuil NSU a fheabhsú.

Táirgtear feasachán ar bhonn débhlíantúil ar thopaicí a chomhlánaíonn an oiliúint a sholáthraíonn an tlonad. Ar na teidil a foilsíodh go dtí seo tá:

- Measúnú Oideachais
- Aistriú
- Saincheistanna Sláinte Meabhrach agus NSU
- NSU agus Cailíní

(Is féidir iad seo a íoslódáil ó shuíomh idirlín an Ionaid www.middlestownASD.com)

Bíonn patrúin neamhghnácha ag daltaí ar speictream an uathachais maidir lena gcuid freagairtí d'ionchur céadfach. Cuireann Gunilla Gerland, duine fásta atá ar an speictream, síos ar a cuid eispéireas mar dhuine a bhfuil barraíocht d'ionchur céadfach á fháil aici:

'... scanraigh fuaimeanna áirithe mé – madraí ag tafann, móipéidí, tarracóirí agus carranna, innill de chineálacha éagsúla. Phléascadh siad, istigh i mo cheann agus thugadh siad orm ciall a chailleadh den dóigh a raibh mo chorp á chur in oiriúint don timpeallacht. Bhí mé mar a bheifí do mo theilgean amach sa spás – Bhúúiss – gan cuireadh gan coinne. In amanna, liginn scread agus chlúdaínn mó chluasa... Cuid de na fuaimeanna a bhíodh thart orm, ní théadh siad i bhfeidhm orm ar chor ar bith. '

Míníonn Kenneth Hall, fear óg a ndearnadh diagnóis Siondróm Asperger air, mar a chuaigh a leochaileacht éisteachta i bhfeidhm air sa seomra ranga:

'scataí, sin rud amháin nach bhfuil dúil agam ann. Mar shampla, bhí fuath agam ar an seomra ranga. Chuir an callán isteach orm. San am, ba gheall le dinimít ag pléascadh i mo chluasa an fhuaim a bhain le daltaí ag déanamh comhrá.'

Tá neart taighde eolaíochta ina léirítear ardmhínicíocht difríochtaí próiseála céadfaí a bhíonn ag daltaí agus daoine óga atá ar speictream an uathachais. De réir bhunús na staidéar a rinneadh, tá deacrachtaí próiseála céadfaí ag breis agus 70% de dhaltaí ar a bhfuil NSU (Adamson et al, 2006). Is féidir na deacrachtaí seo a bhreathnú ina gcuid freagairtí agus ina n-iompraíocht sa seomra ranga agus in áiteanna eile.

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach le NSU amháin a bhaineann deacrachtaí próiseála céadfaí agus gur minic a bhreathnaítear iad i neamhoird forbartha eile (m.sh. Neamhord Hipirghníomhaíochta Easpa Airde (ADHD), Siondróm Down, Neamhord Forbartha Comhoird).

Acmhainní a Mholtar

Is liosta mór fada é liosta na n-acmhainní féideartha le freastal ar riachtanais chéadfacha páistí scoile. Níl sna moltaí thíos, mar sin de, ach 'Deichniúr den scoth' d'acmhainní úsáideacha.

Is féidir teacht ar thuilleadh smaointe i leith acmhainní ag soláthraithe ar bith acu seo thíos nó trí bhreathnú ar na leabhair i rannán na Léitheoireachta a Mholtar.

Soláthraithe

Áirítear ar an iomad soláthraithe acmhainní céadfacha:

- www.learningspaceni.co.uk
- www.thinkingtoys.ie
- www.rompa.com
- www.spacekraft.co.uk
- www.amazon.co.uk

Acmhainní Céadfacha: Deich Moladh is Fearr

Tá na hacmhainní thíos ar fáil ó réimse soláthraithe agus bíonn praghsanna eagsúla orthu. Is inmholta, mar sin de, cuardach trí chatalóga agus tríd an Idirlíon leis na praghsanna is fearr a fháil nó le ceannach ó chomhlacht atá ar liosta ceannaigh do scoile.

1. Movin' sit cushion (Sóisearach nó Gnáthmhéid): Cúisín speisialtóireachta a sholáthraíonn ionchur luaile (agus tadhaill). Soláthraíonn sé ionchur céadfach do pháistí atá á iarraidh, rud a chuidíonn leo fanacht ina suí ar a suíocháin ar feadh tréimhsí níos faide; d'fhéadfadh sé fosta cur le leibhéal airdill páistí nach dtugann mórán freagraí trí spreagadh céadfach a thabhairt don inchinn.

2. Southpaw Bear Hug: ball éadaigh líocra ar féidir a fhilleadh thart ar cholainn an pháiste le hionchur domhain tadhaill agus féinghabhdóra a thabhairt. Tá sé seo fóirsteanach le páistí a thugann rófhreagairt a shuaimhniú nuair a bhíonn siad imníoch nó faoi strus.
3. Pluid ualaithe: pluid atá caol ach trom a sholáthraíonn ionchur domhain tadhaill agus féinghabhdóra. Tá sé seo fóirsteanach le páistí a thugann rófhreagairt a shuaimhniú nuair a bhíonn siad imníoch nó faoi strus.
4. Veist Ualaithe: Veist ina bhfuil meáchan ar féidir a gcur le pócaí sainoiriúnaithe sa bhall éadaigh seo. Tugann sé seo ionchur domhain tadhaill agus féinghabhdóra a d'fhéadfadh páistí a thugann rófhreagairt a shuaimhniú.
5. Chewy tube: rogha nach bia í do pháistí a bhfuil claonadh acu rudaí a chogaint nó greim a bhaint astu. Tugann sé seo ionchur domhain tadhaill agus féinghabhdóra le cuidiú le páistí staid shuaimhneach ach airdeallach a bhaint amach.
6. Liathróid teiripe/cleachtaí/gleacaíochta/Eilivéiseach: liathróidí inséidte ina bhfuil réimse méideanna a fhóireann d'aois agus d'airde éagsúil. Tig leis an pháiste suí ar an liathróid le hionchur luaile a fháil le hairdeall a mhéadú. Thiocfadh leis an pháiste luí ar a b(h)olg fosta sa mhullach ar an liathróid agus a m(h)eáchan a mhothú trína sciatháin le hionchur domhain tadhaill agus féinghabhdóra a bhaint amach, rud atá idir shuaimhneach agus airdeallach. Cinntigh go bhfóireann méid na liathróide don pháiste (ba chóir go mbeadh sé/sí ábalta a c(h)osa a chur ar an urlár agus é/i ina s(h)uí uirthi).
7. Liathróid phis talún: Soláthraíonn sí seo an t-ionchur céanna leis an liathróid teiripe a bhfuil cur síos uirthi thuas ach tá sí níos seasmhaí mar gheall ar an chruth atá uirthi. Arís, tá sí ar fáil i réimse méideanna a fhóireann do réimse aoise agus airde.

8. Theraband: bandaí rubair aclaíochta ar féidir a síneadh le gníomhaíocht fhriotaíoch a thabhairt. Tugann an cleachtadh friotaíochta seo ionchur domhain féinghabhdóra do na matáin agus, ina dhiaidh sin, tig leis staid shuaimhneach ach airdeallach a eascú.
9. Bréagáin Fidget: Is féidir go n-áirítear leis seo, liathróidí koosh, 'tangle toys', liathróidí struis srl. Tugann siad ionchur tadhaill agus, mar sin de, cuidíonn siad leis an pháiste atá ag iarraidh céadfaí a mhothú nó leis an pháiste ar tearc a c(h)uid freagairtí bheith ar a (h) airdeall agus dírithe ar an tasc atá idir lámha. Tig le Bréagáin Fidget páistí a mhothaíonn imníoch a shuaimhniú fosta. Tá siad ar fáil ó na soláthraithe a mholtar thuas nó le ceannach go héasca agus ar bheagán costais i siopaí áitiúla.
10. Cosantóirí cluaise (Ear defenders): Caitear iad seo mar a chaitear cluasáin le hairde an challáin sa timpeallacht a laghdú go mór. Cuidíonn sé seo le páistí atá tógtha agus trína chéile i dtimpeallachtaí callánacha nó ag fuaimeanna ar leith.

Tá comhairle mhionsonrach ar shaincheisteanna céadfacha agus ar NSU ar fáil ón Ionad agus beidh sí ar fáil trí shuíomh idirlín LNI C2K ó 2011 i leith.

Leabharliosta agus Léitheoireacht a Mholtar

Adamson A, O'Hare A agus Graham C (2006) Impairments in sensory modulation in children with autistic spectrum disorder. *British Journal of Occupational Therapy*, 69, 357-64.

Ayres AJ (2005) *Sensory Integration and the Child: 25th Anniversary Edition*. Western Psychological Services: Los Angeles

Bundy AC, Lane SJ agus Murray EA (2002) *Sensory Integration Theory and Practice (2ú Eag)*. F A Davis Company: Philadelphia

Dunn W (1999) *Sensory Profile*. Western Psychological Services: Los Angeles

Gerland G agus Tate J (1997) *A Real Person: Life on the Outside*. Souvenir Press Ltd: Londain

Hall K (2001) *Asperger Syndrome, the Universe and Everything*. Jessica Kingsley Publishers: UK

Heller S (2002) *Too Loud, Too Bright, Too Fast, Too Tight*. Harper Collins: New York

Kerstein LH (2008) *My Sensory Book*. ASD Asperger Publishing Company: Kansas

Kranowitz C (2005) *The Out of Sync Child: Recognizing and Coping with Sensory Processing Disorder (2ú eag)*. Perigee: USA

Kranowitz C (2006) *The Out of Sync Child has Fun: Activities for Kids with Sensory Processing Disorder (2ú eag)*. Perigee: USA

Miller LJ (2006) *Sensational Kids*. Penguin Group: New York

Myles BS, Cook KT, Miller NE, Rinner L agus Robbins LA (2000) *Asperger Syndrome and Sensory Issues*. ASD Asperger Publishing Company: Kansas

Reebye P agus Stalker A (2008) *Understanding Regulation Disorders of Sensory Processing in Children*. Jessica Kingsley Publishers: Londain agus Philadelphia

Schaff RC agus Roley SS (2006) *Sensory Integration: Applying Clinical Reasoning to Practice with Diverse Populations*. Pro-Ed Inc: Texas

Yack E, Aquilla P agus Sutton S (2002) *Building Bridges through Sensory Integration*. Future Horizons: Texas

Is féidir réamheolaire oiliúna agus feasacháin taighde Ionad Choillidh Chanannáin a íoslódáil ón suíomh idirlín. Tabhair cuairt ar an suíomh idirlín nó déan teagmháil leis an Ionad le tuilleadh eolais a fháil agus/nó áit a chur in áirithe ar chúrsaí oiliúna.

www.middlestownASD.com

R-phost: training@middlestownASD.com

Glaigh ar: 0044 (0) 28 3751 5750

Ní ghearrtar táille ar bith ar lucht na gairme, ar thuismitheoirí ná ar bhail teaghlaigh as imeachtaí oiliúna.

Cáilíochta Breise Gairmiúla

- Máistir san Oideachas (MEd) i Neamhoird Speictream an Uathachais, Ollscoil Birmingham. Oideachas Cianfhoghlama
http://www.education.bham.ac.uk/programmes/cpd/courses/ASD_children.shtml
- Máistir san Eolaíocht (MSc) i Neamhoird Speictream an Uathachais: Ollscoil na Banríona Béal Feirste
<http://www.qub.ac.uk/schools/SchoolofEducation/ProspectiveStudents/PostgraduateTaught/ProfessionalDevelopmentEducation/AutisticSpectrumDisordersMSc/>
- Institiúid Oideachas Páistí agus Síceolaíochta (ICEP Europe), ar a dugtaí Profexcel tráth
<http://www.icepe.co.uk/>
- Teastas Iar-Chéime i Siondróm Asperger
www.ASD.org.uk/training
- NSU TÉ
<http://www.ASDni.org/training/calendar.asp>

Teagmhálacha Úsáideacha

Boird Oideachais agus Leabharlann

Gillian Gamble

Sain-Síceolaí Oideachais Sinsearach NSU

Seirbhís Tacaíochta NSU

Bord Oideachais agus Leabharlann an Oir-Thuaiscirt Glaoigh ar: 028 2565 3333

Kate Doherty

Ceann Seirbhísí

Seirbhísí Comhairle agus Tacaíochta NSU

Bord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt Glaoigh ar: 028 4461 2456

Marie-Louise Hughes

Síceolaí Oideachais Sinsearach

Bainisteoir Sheirbhís Chomhairleach agus Idirghabhála NSU

Seirbhís Chomhairleach agus Idirghabhála NSU

Bord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt Glaoigh ar: 028 3831 4471

Mags Johnston

Comhairleoir

Seirbhís Chomhairleach Speictream an Uathachais

Bord Oideachais agus Leabharlann an Iarthair Glaoigh ar: 028 8224 6203

Frances Stewart

Comhordaitheoir NSU

Foireann Chomhairleach NSU Oakwood

Bord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste Glaoigh ar: 028 9077 8602

Autism NI

www.autismni.org.uk

National Autistic Society

www.ASD.org.uk

ASD Northern Ireland

www.ASDni.org

Irish Society for ASD

www.ASD.ie

Aguisín 1

Próifíl Dalta

_____ Bunscoil

Ionad Tacaíochta NSU/Sain-Rang NSU

Ainm an Dalta : _____	Blianghrúpa : _____
Rang faoi Láthair : _____	Múinteoir : _____
Eolas cúlra	
Príomhdheacrachtaí / Dúshláin	
Dearcadh Tuismitheoirí / Eolas Eile	
Deiseanna ar Imeascadh lena n-áirítear an Tacaíocht atá de dhíth	

Aguisín 2

Plean Gníomhaíochta (céim 5)

_____ Scoil

Ainm an Dalta :		DB:	Aois:
Múinteoir:	Rang:	Tréimhse:	
Buanna agus Rathúlacht			
Cineál Deacrachtaí			
Socruithe Míochaine nó Cúraim Thréadaigh			
	Spriocanna le Baint Amach ag an Dalta	Straitéisí Teagaisc agus Foghlama	
Lítearthacht			
Uimhearthacht			
Próifíl NSU - Cumarsáid			
Próifíl NSU - Scileanna Sóisialta			
Próifíl NSU - Gnásanna dúghafa / Iompraíocht			
Socruithe Tacaíochta Scoile		Socruithe Tacaíochta Speisialtóireachta	
Socruithe Tacaíochta Tuismitheoirí		Tuairimí an Dalta (más cuí)	
Socruithe Monatóireachta			
síniú SENCO : _____		Tuismitheoir(i) / Cúramóir(i) ar an eolas: <input type="checkbox"/>	
síniú Tuismitheora : _____			

Aguisín 3

Seicliosta Athrú Sceidil do _____

(Iniseal agus dáta)

Cuspóirí	Leid fhisiciúil de dhíth	Leid bhéil agus díriú méire de dhíth	Leid bhéil de dhíth	Glacann leis go neamhspleách (100%)
Glacann le leid athrú sceidil				

Seicliosta Stáisiún Oibre _____

(Iniseal agus dáta)

Cuspóirí	Bainte Amach le Leid Fhisiciúil	Bainte Amach le Leid bhéil agus díriú méire	Bainte Amach le Leid bhéil	Bainte Amach go neamhspleách (100%)
Obair ag stáisiún le 3 scáileán fhisiciúla				
Obair ag stáisiún le 1 scáileán fhisiciúil				
Obair ag tábla gan scáileán fhisiciúil ar bith (ar imeall an ghrúpa ranga)				
Obair ag tábla agus páiste amháin eile ina s(h)uí ina (h)aice				
Obair ag tábla agus páiste amháin eile ina s(h)uí os a c(h)omhair/taobh leis/léi				
Obair ag tábla agus páiste amháin eile nó níos mó ina c(h)uideachta				

Aguisín 4



Buíochas

Liosta den ghrúpa scríbhneoireachta

Suzanne McCanney
Learning Support Manager
Middletown Centre for Autism

Jill Drysdale
Occupational Therapist and Trainer/Advisor
Middletown Centre for Autism

Lorraine Scott
Head of Learning Support and Assessment
Middletown Centre for Autism

Catherine O'Flaherty
Senior Educational Psychologist for ASD
BELB
Belfast

Marie Louise Hughes
Senior Educational Psychologist
Manager of the ASD Advisory and Intervention Service
SELB

Kate Doherty
Head of Service
ASD Advisory and Support Services
SEELB

Julie Greeves
ASD Class Teacher
Cookstown Primary School
Cookstown

Ailish Laverty
AS Class Teacher
Primate Dixon Primary School
Coalisland

Gloria Kearney
Head of the Communication Resource Centre (retired)
Ballynahinch High School
Ballynahinch

Linda Hughes
Head of the Communication Resource Centre
Ballynahinch High School
Ballynahinch

Mary Greenwood
Senior Lecturer
St Mary's University College
Belfast

Liosta de na rannpháirtithe

Fiona McCaffrey
Head of Research and Development MCA

Leah McKeown
Behaviour Therapist MCA

Claire Smyton
Specialist Advisory Teacher MCA

Frances O'Neill
Trainer/Adviser MCA

Tracey McGovern
Speech and Language Therapist MCA